# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2020

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council



CUAN MÓ Ó CHRUACH PHÁDRAIG

## RÉAMHRÁ


Teachtaireacht ón gCathaoirleach 4
Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach 5
Ráiteas Misin/Fís 6
Plean Corparáideach 7
Comhairleoirí Contae 8
Ceantair Bhardasacha 10
Coistí um Beartais Straitéiseacha 20
Ionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh 24


## CUMARSÁID, CÓRAIS FAISNÉISE & FORBAIRT CHORPARÁIDEACH


Gnóthaí Corparáideacha 25
Punann Mhaoine & Bainistíocht Sócmhainní 25
Cumarsáid 26
Oifig na Gaeilge 28
Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre 29
Ailtirí 31
Leabharlann Contae Mhaigh Eo 33
Oifig Oidhreachta Mhaigh Eo 35
Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo 37
Córais Faisnéise & Claochlú Digiteach 39


## PLEANÁIL, POBAL & FORBAIRT GHEILLEAGRACH


Rannpháirtíocht sa Phobal 42
Coiste Cúraim Leanaí Chontae Mhaigh Eo 46
Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo 48
Oifig Fiontair Áitiúil 50
Infheistíocht 52
Turasóireacht, Áineas & Conláistí 54
An tAonad Leathanbhanda & Forbartha Digití 56
Pleanáil & Forbairt 57
Forfheidhmiú Pleanála 59


## TITHÍOCHT, BÓITHRE & FORBAIRT SEIRBHÍSE


Tithíocht 62
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre 66
Athbhreithniú Soláthair & Éifeachtúlachta 70


## SEIRBHÍSÍ UISCE, TIMPEALLACHT, ATHRÚ AERÁIDE & SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA


Uisce Tuaithe 74
Timpeallacht, an tAthrú Aeráide agus Talmhaíocht 76
An Roinn Tréidliachta 78
Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo 79
Rialú Dóiteáin Réigiún an Iarthair 81
Cosaint Shibhialta 82
Sábháilteacht Uisce 84


## BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS & MÓTARCHÁIN


Airgeadas 87
Mótarcháin 91


## AGUISÍNÍ


AGUISÍN I - V

## TEACHTAIREACHT ÓN GCATHAOIRLEACH



**An Comhairleoir Richard Finn CATHAOIRLEACH Comhairle Contae Mhaigh Eo**

**Cúis áthais dom, mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo, an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur in bhur láthair, tuarascáil ina bhfuil léargas le fáil ar an gclár oibre fairsing agus ar na héachtaí a chuir an tÚdarás Áitiúil i gcrích in 2020.**

Is ionann Tuarascáil Bhliantúil 2020 agus deis machnamh a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus ar na héachtaí a rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo, i mbliain nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, tráth nach raibh an dara rogha ag an gComhairle ach a cuid seirbhísí a chur in oiriúint do thimpeallacht Covid. B'éigean dúinn ár gcuid modhanna oibre seanbhunaithe a athrú go suntasach agus go tapa agus freagairt go tapa agus go héifeachtach, agus ag an am céanna, níorbh fhéidir linn ár bpríomhfheidhm a ligean i ndearmad, is é sin seirbhísí poiblí a chur ar fáil do phobal Cho. Mhaigh Eo.

Cúis dóchais é go raibh gach duine toilteanach comhoibriú lena chéile agus go raibh an pobal ag obair mar aonad fad is a bhí pobal Mhaigh Eo trí chéile ag freagairt do Covid. Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag an bhFóram Freagartha Pobail a bunaíodh go tapa i Maigh Eo lena chinntiú go raibh gníomhaireachtaí, grúpaí pobail agus deonacha ag obair i gcomhpháirt ar mhaithe leis an gContae agus le pobal an Chontae.

Is éard atá sa tuarascáil seo taifead cuimsitheach ar an méid oibre atá déanta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo thar ceann a custaiméirí agus saoránach an chontae le bliain anuas. Tá líon suntasach tionscnamh agus seirbhísí curtha ar fáil ag Comhairle Contae Mhaigh Eo sa chontae agus i rith 2020 lean an Chomhairle lena hiarrachtaí a chinntiú go raibh seirbhís éifeachtúil agus iontaofa á cur ar fáil dá saoránaigh ar bhealach cost-éifeachtúil, ainneoin na srianta a d'eascair as Covid-19.

Mar Chathaoirleach, is mian liom buíochas a ghabháil le baill foirne na heagraíochta atá ag obair mórthimpeall an Chontae. Is fianaise é a ndíograis agus gairmiúlacht ar an tseirbhís phoiblí thábhachtach atá á cur ar fáil ag Comhairle Contae Mhaigh Eo. Is mian liom buíochas a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, agus leis an bhFoireann Bhainistíochta as tacú liom agus leis na Comhairleoirí eile a chuir a gcuid oibre i gcrích i rith bliain a bhí thar a bheith dúshlánach agus chomh maith leis sin is mian liom aitheantas a thabhairt do na Comhairleoirí eile a thacaigh liomsa agus leis an obair leanúnach atá ar bun chun caighdeán beatha níos fearr a chinntiú do shaoránaigh Mhaigh Eo i rith 2020.

I ndiaidh dúinn slán a rá le bliain ina raibh neart dúshlán le sárú againn, cúis áthais don Chontae, i ndiaidh páirt a ghlacadh i bpróiseas gairme iomaíoch, gur bronnadh maoiniú luach €100,000 ar an gContae trí Shraith Féilte Éireannacha Domhanda chun clár imeachtaí míosa a reáchtáil chun ár nDiaspóra a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar Mhaigh Eo mar chuid den Tionscnamh Fill ar Mhaigh Eo. Dea-scéala eile ba ea gur ainmníodh Comhairle Contae Mhaigh Eo mar Chomhairle na Bliana 2020 Chomhlachais Éireann.

**An Comhairleoir Richard Finn**
**CATHAOIRLEACH**
**Comhairle Contae Mhaigh Eo**



## TEACHTAIREACHT ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH



**Kevin Kelly**
**AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH**
**Comhairle Contae Mhaigh Eo**

**Mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, fáiltím roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2020 ina bhfuil cur síos ar an dul chun cinn atá déanta ag an gComhairle i ndáil lena tosaíochtaí straitéiseacha agus tarraingítear aird ar an obair luachmhar atá á cur i gcrích go leanúnach, agus ar go leor de na héachtaí atá bainte amach ag an gComhairle i rith na bliana.**

Tá obair agus éachtaí Chomhairle Contae Mhaigh Eo á bhfeabhsú trí bheith ag obair i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara éagsúla agus is mian liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt dóibh as tacú agus as comhoibriú linn go leanúnach.

Ainneoin bliain dhúshlánach nach raibh súil ag duine ar bith lena leithéid a bheith curtha dínn againn, leanamar ar aghaidh le béim a leagan ar sheirbhísí na Comhairle a sholáthar agus sábháilteacht ár gCustaiméirí agus ár mBall Foirne a chosaint ag an am céanna. Is mian liom buíochas a ghabháil leis an bhFoireann Bhainistíochta agus leis na Baill Foirne as dul in oiriúint do na modhanna oibre nua, a gcuid oibre a dhéanamh ar bhealach gairmiúil agus leanúint ar aghaidh le seirbhísí a sholáthar in 2020.

- D'éirigh leis an gComhairle líon suntasach tacaíochtaí rialtais a riar chun cabhrú le gnóthaí áitiúla: Sholáthair na scéimeanna seo sreabhadh airgid a raibh géarghá leis do ghnóthaí áitiúla tráth a mb'éigean dóibh a ndoirse a dhúnadh nó leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ag leibhéal teoranta. Próiseáladh breis is 2,000 éileamh a bhí mar bhonn le hícaofochtaí luach €20.23 milliún a chur ar fáil do ghnóthaí áitiúla.
- Bhunaigh agus stiúir Comhairle Contae Mhaigh Eo Fóram Freagartha Pobail Covid i rith laethanta tosaigh na paindéime. Ina theannta sin, chinntigh cur chuige comhpháirtíochta le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus An Garda Síochána go raibh tairbhe á baint as cur chuige comhsheasmhach chun déileáil le dúshláin Covid-19 ar fud an chontae.
- Síníodh an conradh d'Athailíniú an N26 ag Droichead Chluain Gallán ar an 28 Deireadh Fómhair 2020. Beidh bronnadh an chonartha seo, a bhfuil luach €10 milliún luaite leis, mar bhonn le bonneagar bóithre thuaisceart Mhaigh Eo a fheabhsú go suntasach. Feabhsóidh sé rochtain ar an réigiún agus bainfidh daoine atá ag taisteal ar an mbóthar seo gach lá as Béal Átha na Muice, Béal Easa, Béal an Átha agus na ceantair mórthimpeall an-tairbhe as an bhforbairt seo.
- Fógraíodh go mbeadh maoiniú luach €11milliún ón gCiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach á chur ar fáil do Thionscnamh Athghníomhachtaithe agus Athnuachana Chroílár Stairiúil Chaisleán an Bharraigh i.e. Óstán an Imperial (Daly's) agus *The Mall*, Oifig Poist Chaisleán an Bharraigh agus na máistirphleananna a bhaineann le Sráid Ellison agus *Rock Square*.

Ar deireadh, is mian liom aitheantas a thabhairt don chúnamh agus don tacaíocht atá tugtha ag an gCathaoirleach, an Comhairleoir Richard Finn agus ag a réamhtheachtaí, an Comhairleoir Brendan Mulroy dom, agus is mian liom buíochas a ghabháil leis na Baill Thofa ar fad as a gcuid tacaíochta le linn dúinn ar fad a bheith ag déileáil le neart dúshlán in 2020.

**Kevin Kelly**
**AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH**
**Comhairle Contae Mhaigh Eo**

## RÁITEAS MISIN

**"Folláine agus caighdeán beatha ár saoránach agus pobal i Maigh Eo a chur chun cinn agus mealltacht an Chontae mar áit le maireachtáil inti, le hoibriú inti, le cuairt a thabhairt uirthi, le hinfheistiú inti agus le taitneamh a bhaint aisti a fheabhsú"**

## FÍS

Contae atá inbhuanaithe, ionchuimsitheach, rathúil agus bródúil



## PLEAN CORPARÁIDEACH


Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ag croílár an phobail áitiúil, agus dírithe ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta sa chontae, trí sheirbhísí áitiúla riachtanacha a sholáthar a bhfuil ról lárnach acu i gcaighdeán beatha an phobail a bhfuil ionadaíocht á déanamh air.

Mar phríomhchomhlacht earnála poiblí, tacaímid le agus éascaímid an tslí dóibh siúd atá freagrach as príomhsheirbhísí poiblí a sholáthar.
Má thugaimid aird ar ár bhfreagrachtaí, is féidir leo siúd a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh, agus táimid airdeallach air seo i gcónaí d'fhonn a chinntiú gur féidir linn ár ngealltanais a chomhlíonadh agus a chinntiú go bhfuil Contae Mhaigh Eo Inbhuanaithe, Ionchuimsitheach, Rathúil agus Bródúil.

Dearadh ár bPlean Corparáideach mar threoir chun ár ngealltanais do phobal Chontae Mhaigh Eo a chomhlíonadh. Sonraítear ann ár misean, mar chomhlacht daonlathach, ár modh oibre agus conas a thomhaisimid ár gcuid iarrachtaí ionas go dtugann an toradh deiridh léargas trédhearcach ar an obair atá curtha i gcrích dár bpobail.

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo bunaithe ar an bpobal agus ar dhaoine. Tá ár gComhairleoirí ag déanamh ionadaíochta ar phobal an chontae, agus tá ról lárnach ag ár mbaill foirne i bpobal Mhaigh Eo. Tá gach duine agus gach gné de na hiarrachtaí comhpháirteacha seo dírithe ar chur ar bhealach dearfach le forbairt leanúnach agus leantach Chontae Mhaigh Eo.


Ceanglaíonn Maigh Eo rathúil Comhairle atá rathúil agus is bunchloch é ár bPlean Corparáideach chomh fada is a bhaineann le huaillmhianta rathúla don Chontae a dhearadh, a rianú agus a chur chun feidhme.



**TRÁ AN CHAOIL, ACAILL, CO. MHAIGH EO**

# CEANTAIR BHARDASACHA

**Ceantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris / Bhéal Átha na Muice**



**Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh**





**Ceantar Bardasach Chathair na Mart / Bhéal an Mhuirthead**



**Ceantar Bardasach Bhéal an Átha**



Tá eolas maidir le Tuarascálacha Bliantúla na gCeantar Bardasach le fáil in **Aguisín 1**

# CEANTAR BARDASACH BHÉAL AN ÁTHA



LÁR BAILE BHÉAL AN ÁTHA

## 2020 BUAICPHOINTÍ

€564,570 INFHEISTITHE I GCÓIRIÚ DROMCHLA BÓITHRE ÁITIÚLA

477 AONAD SA STOC TITHÍOCHTA SA CB

100 DEONTAIS LUACH €512,779.79 CEADAITHE I CB BHÉAL AN ÁTHAR FAOI SCÉIMEANNA DEONTAIS TITHÍOCHTA

€1.35 MILLIÚN BAILITHE AG OIFIG MÓTARCHÁNACH BHÉAL AN ÁTHA AGUS 8,360 IDIRBHEART

OIBREACHA CURTHA I GCRÍCH AR 5 RÉADMHAOIN I MBAIL BHÉAL AN ÁTHA FAOI SCÉIM FEABHSÚCHÁIN AGHAIDH AN CHROÍLÁIR STAIRIÚIL CÉIM ii

24 TIONÓNTACHT BHUAN LEITHDHÁILTE

WIFI SAOR IN AISCE AR AN TSRÁID CURTHA AR FÁIL AG TIONSCADAL WIFI4EU I MBÉAL AN ÁTHA AGUS CROIS MHAOILÍONA

FEABHSUITHE & UASGHRÁDUITHE LUACH €262,500 AG CUAN BHÉAL AN ÁTHA & CHILL ALA

OIBREACHA CURTHA I GCRÍCH AG *PRIMROSE HILL* AGUS MUINE CHONALLÁIN THOIR FAOI SCÉIMEANNA RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL

CÉIM 1 D'ATHAILÍNIÚ AN R314 Ó DHEAS DE CHILL ALA CURTHA I GCRÍCH AG COSTAS 1.2 MILLIÚN


OTHER VOICES

30

D'FHILL AR BHÉAL AN ÁTHA I MÍ FEABHRA 2020 AGUS EAGRAÍODH BREIS IS 30 LÉIRIÚ SAOR IN AISCE

6 IARRATAS TITHÍOCHTA ATÓGAIL ÉIREANN CEADAITHE I RITH 2020

# CEANTAR BARDASACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH



BALLA, CO. MHAIGH EO

## 2020 BUAICPHOINTÍ

2 FHORBAIRT TITHÍOCHTA CRÍOCHNAITHE/SEALBHAITHE

4 THEACH AG *DAVITT'S TERRACE*
10 DTEACH AG COILL AN BHAILE

FEABHSUITHE AG CARRCHLÓS BHAILE AN TOBAIR CURTHA I GCRÍCH

AG COSTAS €24,000

€10,00 D'ÁIT SÚGARTHA BHOTH FAONÁIN Ó LEITHDHÁILEADH BARDASACH GINEARÁLTA

104 DEONTAS LE LUACH €530,213 CEADAITHE FAOI SCÉIMEANNA DEONTAIS TITHÍOCHTA

€11,000,000 MAOINIÚ ATHNUACHANA & FORBARTHA UIRBÍ FAIGHTE DO LÁITHREÁIN I LÁR BAILE CHAISLEÁN AN BHARRAIGH

BAILE NA CORA - BUAITEOIR I GCATAGÓIR GHRADAIM NÁISIÚNTA MÓRTAS CEANTAR

BHUAIGH LÁRIONAID FÓILLÍOCHTA LOCH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH AN DUAIS DON IARRTHÓIR NUA IS FEARR AG NA GRADAIM NÁISIÚNTA CAIGHDEÁN CÁILÍOCHTA NÁISIÚNTA

€3,020,000 LEITHDHÁILTE LE HAGHAIDH OIBREACHA FEABHAIS AR BHÓITHRE ÁITIÚLA

COMÓRADH 20 BLIAIN Ó NASCADH CAISLEÁN AN BHARRAIGH AGUS HOCHSTADT CEILIÚRTHA AR LÍNE I MÍ IÚIL 2020

O

MOL SPÓIRT LOCH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH TAIRBHE AS MAOINIÚ Ó CHISTE NA GCUNTAS DÍOMHAOIN

OBAIR AG LEANÚINT AR AGHAIDH AR THIONSCADAL TURLACH GO BÓTHAR CHATHAIR NA MART

N5



# CEANTAR BARDASACH
# CHLÁR CHALINNE MHUIRIS
# BHÉAL ÁTHA NA MUICE

COILLTE MACH, CO. MHAIGH EO

2020

BUAICPHOINTÍ

MAOINIÚ LUACH 711,560.05 CEADAITHE FAOI SCÉIMEANNA DEONTAIS TITHÍOCHTA CEADAITHE FAOI 168 TEAGHLACH

CARRCHLÓS *BARNACARROLL* CRÍOCHNAITHE

PÁIRC SÚGARTHA BHAILE CHATHAIL UASGHRÁDÚ

CRÍOCHNAITHE LENA N-ÁIRÍTEAR SPÁSANNA PÁIRCEÁLA

CURTHA AR FÁIL

4 IARRATAS ATÓGÁIL

ÉIREANN AR IASACHT TITHÍOCHTA CEADAITHE I RITH

2020

CNOC MHUIRE
ATHFHORBAIRT AN TIMPEALLÁIN
CURTHA I GCRÍCH

CILL LASRACH AGUS

TAUGHEEN NAISC LEATHANBHANDA BEO

BAILE AN RÓBA -
TAILTE NA
LEABHARLAINNE
TÍRDHREACHAITHE

SCÉIM PLEANÁLA DON
CHRIOS FORBARTHA
STRAITÉISÍ AG AERFORT CHNOC
MHUIRE GLACTHA AG COMHAIRLE
CONTAE MHAIGH EO

€10,717,935

CAITE AR BHÓITHRE NÁISIÚNTA, DEN DARA GRÁD, RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA SA CHEANTAR

FORBAIRTÍ TITHÍOCHTA CURTHA I GCRÍCH I

## CILL MHEÁIN
## BÉAL ÁTHA NA MUICE
## BAILE AN RÓBA
## BÉAL ÁTHA
## HAMHNAIS

LUACH

€700,000

DE DHEONTAIS MAOINITHE AG BAILL THOFA FAOIN LIÚNTAS BARDASACH GINEARÁLTA

CEANTAR BARDASACH

# CHATHAIR NA MART BHÉAL AN MHUIRTHEAD



TRÁ PHORT AN CHLÓIDH, TUAISCEART MHAIGH EO

2020

BUAICPHOINTÍ

TÁ GAISÉABÓNNA AR FÁIL DO LUCHT EAGRAITHE FÉILTE ANOIS SA CB TRÍ MHAOINIÚ Ó SCÉIM ATHNUACHANA NA MBAILTE & SRÁIDBHAILTE

CARRCHLÓS NUA CURTHA AR FÁIL DO LINN THAOIDMHEAR BHÉAL AN MHUIRTHEAD

SUITEÁLADH 30 MÉADAR PÁIRCEÁLA AIRGID & GAN TADHALL I GCATHAIR NA MART AG COSTAS €171,000

MAOINIÚ LUACH €1,005,199 CEADAITHE FAOI SCÉIMEANNA DEONTAIS TITHÍOCHTA AG TACÚ LE 181 TEAGHLACH

CRAENACHA NUA SUITEÁILTE AG RUANADA & AN FHÓID DUIBH CÉANNA COSTAS €285,000

WIFI POIBLÍ SAOR IN AISCE CURTHA AR FÁIL AG WIFI4EU I BAILE UÍ FHIACHÁIN & BÉAL AN MHUIRTHEAD

PLEAN ÉAGSÚLACHTA POBAIL NUA CRÍOCHNAITHE DO BHÉAL AN MHUIRTHEAD

CLÁR BÓITHRE SUNTASACH AR INIS TOIRC & CLIARA CRÍOCHNAITHE

TITHÍOCHT
2 IASACHT TITHÍOCHTA CEADAITHE
13 COMHAONTÚ LÉASAITHE NUA
29 TIONÓNTACHT HAP NUA BUNAITHE
1 SOCRÚCHÁN RAS

10 MBRAT GORM BRONNTA AR THRÁNNA IN IARTHAR MHAIGH EO

OBAIR AR SIÚL AR THIOSNCADAL BÓTHAIR AN N5 Ó CHATHAIR NA MART GO TURLACH

# COISTÍ UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA

## SPC Seirbhísí Corparáideacha, Oideachais, Cultúir, Oidhreachta agus Leabharlainne

**An Comhairleoir Gerry Coyle**
(Cathaoirleach)
**reáchtáladh 3 chruinniú i rith 2020**

Áiríodh i gclár oibre an SPC Corparáideach, Oideachais, Cultúir, Oidhreachta agus Seirbhísí Leabharlainne:

- Comhaontaíodh ar Ghníomhaíochtaí Tosaíochta le haghaidh 2021.
- Forbraíodh Clár Imeachtaí do 2021 de réir Straitéis Chomórtha Mhaigh Eo 2013-2023
- Leanadh ar aghaidh le Seirbhísí Leabharlainne Mhaigh Eo a fhorbairt
- Cuireadh Plean Straitéiseach Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo 2018-2022 i bhfeidhm
- Cuireadh Scéim Teanga Chomhairle Contae Mhaigh Eo i bhfeidhm

## SPC Forbairt Gheilleagrach, Tacaíocht Fiontair, Pleanáil agus Mara

**An Comhairleoir Mark Duffy**
(Cathaoirleach)
**reáchtáladh 5 chruinniú i rith 2020**

Áiríodh i gclár oibre an SPC Forbairt Gheilleagrach, Tacaíocht Fiontair, Pleanáil agus Mara:

- Dul chun cinn Oifig Fiontair Áitiúil
- Scéim Tacaíochta Gnó Chomhairle Contae Mhaigh Eo
- Plean Náisiúnta Leathanbhanda agus Leathanbhanda Tuaithe a rolladh amach i Maigh Eo
- Tionscadail Fiontair agus Infheistíochta

## SPC Tithíochta

**An Comhairleoir John Cribbin**
(Cathaoirleach)
**reáchtáladh 4 chruinniú i rith 2020**
Áiríodh i gclár oibre an SPC Tithíochta:

- Soláthar Tithíochta 2020
- Tionscadail Chaipitil Tithíochta ar bun sa chontae
- Scéim Leithdháilte Tithíochta Athbhreithnithe
- Clár Athlonnaithe Dídeanaithe
- Scéim Deisithe & Léasaithe agus Ceannaigh & Athnuachana
- Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Scéim Cíosanna Difreálacha

## SPC Timpeallachta, Gníomhú ar son na hAeráide & Seirbhísí Éigeandála

**An Comhairleoir B K Gavin**
(Cathaoirleach)
**reáchtáladh 4 chruinniú i rith 2020**

Cuireadh clár oibre an SPC Timpeallachta, Gníomhú ar son na hAeráide & Seirbhísí Éigeandála san áireamh.

- Ullmhúchán Mhaigh Eo don Athrú Aeráide - Plean um Oiriúnú don Athrú Aeráide
- Straitéis Talmhaíochta Inbhuanaithe do Mhaigh Eo
- Breithniú a dhéanamh ar an tuarascáil aighneachta maidir le Dréacht-Fhodhlíthe um Bailiú Dramhaíola
- Ceathrar ball a ainmniú ar Mheitheal Talmhaíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo
- Cathaoirleach Mheitheal Talmhaíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo a ainmniú

## SPC Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre

**An Comhairleoir Damien Ryan**
(Cathaoirleach)
**reáchtáladh 4 chruinniú i rith 2020**

Áiríodh i gclár oibre an SPC Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre:

- Leithdháileadh Deontas Bóithre 2019
- Scéim Oibreacha Bóthair 2019
- Plean Seirbhísí Geimhridh 2019/2020
- Feabhsuithe ar Bhóithre Réigiúnacha
- Tionscnaimh Soilsithe Phoiblí
- Nasc Áitiúil Mhaigh Eo a chur i láthair
- Fóram Bearrtha Fáil
- Sábháilteacht ar Bhóithre

## SPC Turasóireacht, Áineas, Bia & Rannpháirtíocht sa Phobal

**An Comhairleoir Seamus Weir**
(Cathaoirleach)
**reáchtáladh 5 chruinniú i rith 2020**

Áiríodh i gclár oibre an SPC Turasóireacht, Áineas, Bia agus Rannpháirtíocht Phobail:

- 'Ag Triall ar Mhaigh Eo – Straitéis chun Turasóireacht a Fhorbairt i gCo. Mhaigh Eo Amach Anseo 2016– 2016' a chur chun feidhme
- Foinsí maoinithe do thionscadail a bhreithniú
- Margaíocht a dhéanamh ar Earnáil Turasóireachta Chontae Mhaigh Eo

RÉAMHRÁ

AN RADHARC Ó CHRUACHÁN, ACAILL



# CUMARSÁID, CÓRAIS FAISNÉISE & FORBAIRT CHORPARÁIDEACH

## SA RANNÓG SEO


Ionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh

Gnóthaí Corparáideacha

Rannóg na Punainne Réadmhaoine & Bainistíocht Sócmhainní

An Roinn Cumarsáide

Oifig na Gaeilge

Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre

Ailtirí

Leabharlann Contae Mhaigh Eo

Oifig Oidhreachta Mhaigh Eo Seirbhís Ealaín Mhaigh Eo

Córais Faisnéise & Claochlú Digiteach

# IONAD OILIÚNA RÉIGIÚNACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH

**Tá Ionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh ag leanúint ar aghaidh le hoiliúint sa láthair oibre a sholáthar ar bhonn seirbhísí comhroinnte do shé údarás áitiúla agus eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí agus phríobháideach san Iarthar agus i Lár na Tíre, agus is é Comhairle Contae Mhaigh Eo an príomhúdarás.**



Tá an t-ionad creidiúnaithe ag SOLAS, QQI, *City & Guilds* agus ECITB, agus tá forbairt leanúnach tagtha ar an ionad le blianta beaga anuas. Ar an drochuair, laghdaigh an t-éileamh a bhí ar chúrsaí go suntasach in 2020 mar gheall ar shrianta a bhain le Covid-19 ach tá cúrsaí ag dul i bhfeabhas anois.

Bunaíodh Líonra na nIonad Oiliúna chun soláthar oiliúint chuí d'údaráis áitiúla i bpríomhréimsí oibríochtúla cosúil le Bóithre, Uisce agus Timpeallacht agus Seirbhísí Dóiteáin, Tithíocht agus Pleanáil a éascú, ach chomh maith leis sin, soláthraíonn Líonra na nIonad Oiliúna raon cúrsaí faoi Shláinte agus Sábháilteacht Cheirde, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, Ceannaireacht agus TFC. Tá dearbhú cáilíochta bronnta ar go leor údarás áitiúil faoin tráth seo, creidiúnú OHSAS 18000/ISO 45000 mar shampla, agus tá soláthar ar ardchaighdeán, cosaint sonraí ar ardchaighdeán agus dearbhú cáilíochta ar ardchaighdeán bunaithe ag an Aonad.

Tá maoiniú leithdháilte ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo chun saoráid oiliúna nua amuigh faoin aer a fhorbairt i gCaisleán an Bharraigh, bhí deontas luach **€**2 mhilliún faighte ón Roinn Iompair agus iasacht luach **€**650,000 faighte ag an gComhairle chun na hoibreacha forbartha a bhfuil an tairiscint lena n-aghaidh á hullmhú faoi láthair a mhaoiniú. Cuirfidh an tsaoráid seo ar chumas an Ionaid Oiliúna líon na gcúrsaí oiliúna praiticiúla ar ardchaighdeán atá á chur ar fáil d'Údaráis Áitiúla agus do chonraitheoirí príobháideacha sa réigiún seo a dhúbailt.

Ó tharla feabhas a bheith ag teacht ar an tionscal tógála, tá an t-éileamh atá ar chúrsaí oiliúna ar ardchaighdeán, i measc na hearnála príobháidí agus ball foirne nua na n-údarás áitiúil, ag dul i méid. Tá na cúrsaí oiliúna éigeantacha i mbainistíocht tráchta agus 'Oscailtí i mBóithre Poiblí' ag cur go mór leis an éileamh seo.



# GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA



## FOGHLAIM AGUS FORBAIRT

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo tiomanta d'Fhoghlaim agus d'Fhorbairt Acmhainní Daonna ar mhaithe lena cuspóirí agus spriocanna a chomhlíonadh. Tuigeann foireann na Comhairle nach féidir seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal gan foireann oibre atá dílis, díograiseach agus dúthrachtach. Glactar leis go bhfuil sé tábhachtach spiorad foirne a chothabháil i ngach fostaí trí Phlean Foghlama agus Forbartha forásacha a chur chun feidhme i ngach réimse gníomhaíochtaí.

## AN CLÁR EITICE

Fuarthas Dearbhuithe Bliantúla le haghaidh 2020 ó gach fostaí ábhartha agus ball tofa laistigh den tréimhse reachtúil.

## AN TACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014

Ní bhfuarthas aon ghearáin faoin Acht thuasluaite in 2020.

## PUNANN RÉADMHAOINE & BAINISTÍOCHT SÓCMHAINNÍ

Ainneoin go raibh tionchar ag Covid-19 ar an gclár oibre a bhí pleanáilte, le cois go leor de chuspóirí pleanáilte na rannóige a chomhlíonadh, cuireadh tionscadail neamhphleanáilte i gcrích a bhain le bearta bainistíochta saoráidí Covid-19.

Cuireadh tacaíochtaí réadmhaoine agus seirbhísí comhairleacha a bhaineann le réadmhaoin ar fáil do rannóga eile laistigh de Chomhairle Contae Mhaigh Eo lena n-áirítear tíolacadh díolachán, ceannachán agus léasanna, Alt 183, fiosrúcháin maidir le talamh, árachas, sláinte agus sábháilteacht agus bainistíocht nua in 2020 - saoráidí, rud a éascaíonn bainistíocht éifeachtúil agus éifeachtach shócmhainní talún neamhthithíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

# BUAICPHOINTÍ 2020

- € Ceannaíodh 140 acra ag Cluanach, Caisleán an Bharraigh.
- € Díol Láithreán Uimh. 24 in Eastát Tionscail Chathair na Mart.
- € Cur chun feidhme Phrótacal Réadmhaoine comhaontaithe do Chomhairle Contae Mhaigh Eo.
- € Bainistíocht Sábháilteachta Dóiteáin san Ionad Oibre curtha i gcrích d'Áras an Chontae.
- € Bunú bainistíocht, treoir agus maoirseacht saoráidí.
- € Claochlú digiteach cleachtas oibre agus bainistíocht comhad laistigh den rannóg.

# CUMARSÁID

Bhí rath ar an obair a chuir Roinn Cumarsáide Chomhairle Contae Mhaigh Eo i gcrích in 2021, obair a bhí dírithe ar phríomhthosaíochtaí agus ar phríomhchuspóirí cumarsáide Chomhairle Contae Mhaigh Eo a chomhlíonadh, agus aird níos mó daoine a tharraingt ar na gníomhaíochtaí a reáchtáiltear laistigh den chontae. I rith na bliana bhí aird gach uile dhuine dírithe ar phaindéim Covid-19, ach bhí príomhról ag an Roinn i gcúrsaí cumarsáide a bhain le freagairt an údaráis áitiúil do phaindéim Covid-19.



**Tá iarracht á déanamh ag an Roinn Cumarsáide caighdeán agus clúdach na faisnéise poiblí maidir le seirbhísí, imeachtaí, gníomhaíochtaí agus beartais de chuid na Comhairle a fheabhsú, agus tá an Roinn Cumarsáide freagrach freisin as rialú chumarsáid sheachtrach uile Chomhairle Contae Mhaigh Eo, cumarsáid inmheánach laistigh den eagraíocht a fheabhsú, aird a tharraingt ar bhranda an chontae, Mayo.ie agus seirbhísí Oifig na Gaeilge agus an chláir um Fheasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre a sholáthar.**

### Áiríodh i measc na bpríomhghníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích in 2020

- Caidreamh poiblí agus bainistiú meáin sheirbhísí agus thionscadail na Comhairle lena n-áirítear preasráitis a eisiúint, fiosrúcháin a fhreagairt ó na meáin áitiúla agus náisiúnta agus óráidí a dhréachtú.
- Ról lárnach a imirt i bhfreagairt Chomhairle Contae Mhaigh Eo do Covid-19 mar chuid den Fhoireann a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na Comhairle i bhfianaise na paindéime.
- Trí bheith ag obair le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo, An Garda Síochána agus údaráis áitiúla eile san Iarthar, cuireadh eolas maidir le Covid-19 ar fáil ar bhonn comhoibríoch trí fheachtais éagsúla a reáchtáil.
- Feachtais meán sóisialta a reáchtáil a thacaíonn le rannpháirtíocht Mhaigh Eo i nglaonna náisiúnta cosúil le **Éire na Sláinte**, an feachtas **'Bí Sláintiúil'**, feachtais frithbhruscair ***MyWaste*** na hÉireann agus feachtais **Feasachta Sábháilteacht Uisce na hÉireann**, agus feachtais eile nach iad.
- Seoladh suíomh gréasáin nua na Comhairle, **www.mayo.ie**, ardán nua chun léargas a thabhairt ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo, ar a bhfuil eolas le fáil maidir le seirbhísí na comhairle mar aon le léargas ar thurasóireacht, fiontar, nuacht, imeachtaí agus feachtais atá á reáchtáil sa chontae.
- Rinneadh taighde ar agus forbraíodh ábhar do rannpháirtíocht Chomhairle Contae Mhaigh Eo san fheachtas náisiúnta **#YourCouncilDay**- agus tarraingíodh aird ar an obair iontach atá á déanamh ag an gcomhairle ag leibhéal an ghnáthphobail, agus leagadh béim ar leith ar na bealaí nuálacha a d'fhorbair an Chomhairle chun déileáil leis na dúshláin a bhain le paindéim Covid-19.
- Reáchtáladh an chéad **Lá Mhaigh Eo Fíorúil**.
- D'oibrigh an Roinn Cumarsáide le go leor rannóg laistigh de Chomhairle Contae Mhaigh Eo chun comhairle agus tacaíocht a sholáthar le haghaidh go leor imeachtaí, cuairteanna oifigiúla, seoltaí agus feachtas, agus leagadh béim ar leith ar imeachtaí fíorúla a craoladh ar www.mayo.ie.
- Leanamar ar aghaidh le **Leabharlann Íomhánna Chomhairle Contae Mhaigh Eo** a nuashonrú le híomhánna den obair, daoine, imeachtaí agus oscailtí seirbhísí riachtanacha a sholáthraíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo.
- Leanadh ar aghaidh le hardáin meán sóisialta **Mayo.ie** agus **Chomhairle Contae Mhaigh Eo** a fhorbairt go leanúnach ar mhaithe lenár seasamh mar chainéal iontaofa chun fógraí seirbhíse rialta agus iontaofa de chuid na Comhairle a chur ar fáil dár saoránaigh a fheabhsú. Tá ról lárnach ag **Mayo.ie** chomh fada is a bhaineann le heolas maidir le Maigh Eo a roinnt agus nascadh lenár nDiaspóra, agus tá neart úsáide á baint as **MayoCoCo.ie** de bhrí go bhfuil faisnéis á roinnt go leanúnach i rith teagmhas cosúil le tréimhsí adhaimsire, nuashonruithe maidir le Covid-19, fógraí maidir le dúnadh bóthair, cur isteach ar an soláthar uisce agus nuashonruithe ginearálta maidir le seirbhísí na comhairle.
- Leanadh ar aghaidh le brandáil nuashonraithe **Chomhairle Contae Mhaigh Eo** a rolladh amach.



**Ar an Satharn, an 2 Bealtaine, 2020, reáchtáladh Lá Mhaigh Eo 2020 don séú bliain as a chéile.**

**I bhfianaise na srianta a bhí i bhfeidhm mar thoradh ar Covid- 19, baineadh tairbhe as cur chuige malartach chun comóradh a dhéanamh ar imeacht a mbíonn an-tóir ag daoine air gach bliain. Sular cinneadh Lá Mhaigh Eo 2020 a reáchtáil cinntíodh go mbeadh deis ag daoine de bhunadh Mhaigh Eo a bhí lonnaithe ar fud an domhain páirt a ghlacadh san imeacht.**

**I measc phríomhghnéithe Lá Mhaigh Eo Fíorúil 2020 reáchtáladh 'Lá Mhaigh Eo Beo - Guthanna Domhanda', seó beo a craoladh ó Roinn Cumarsáide Chomhairle Contae Mhaigh Eo. I rith an tseó a reáchtáladh ar Lá Speisialta Mhaigh Eo caitheadh tamall ag comhrá, i mbun agallamh, ag seinm ceoil agus ag éisteacht le teachtaireachtaí dóchasacha agus dlúthpháirtíochta ó dhaoine aitheanta de bhunadh Mhaigh Eo agus daoine ar breá leo Maigh Eo.**




**Bhí an-tóir ar ghearrscannán poiblíochta a léiríodh do Lá Mhaigh Eo, dar teideal 'Oceans Apart', gearrscannán inar tarraingíodh aird ar thionchar na himirce ar Éirinn agus an nasc leis an mbaile a tugadh faoi deara nuair a bhí paindéim Covid-19 i mbarr a réime. Chomh maith leis sin, forbraíodh suíomh gréasáin shaincheaptha do Lá Mhaigh Eo, ar a tugadh léargas ar gach rud atá le fáil i Maigh Eo.**

## BUAICPHOINTÍ 2020

- **Suíomh gréasáin nua seolta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo:** Tá an suíomh gréasáin **www.mayo.ie** beo ó mhí Iúil 2020 agus anois tá suíomh gréasáin Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus Mayo.ie le fáil in aon áit amháin.

- **Lá Mhaigh Eo Fíorúil 2020:** B'éigean na pleananna a bhí déanta a ligean i ndearmad agus ní raibh ach seachtain nó dhó againn chun imeacht fíorúil a eagrú. D'fhéach 223,206 duine ar fud an domhain ar an scannán *Oceans Apart*, agus d'fhéach 50,726 ar sheó beo Lá Mhaigh Eo. Chuir 14 milliún duine spéis in #mayoday.

- D'éirigh thar cionn le Comhairle Contae Mhaigh Eo ag **Gradaim Bairr Feabhas Rialtais Áitiúil Chomhlachais Éireann 2020**, bronnadh an gradam **Comhairle na Bliana** ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo, mar aon le trí ghradam eile lena n-áirítear **Lá Mhaigh Eo Fíorúil** i gCatagóir *Féile na Bliana*, **Roghanna Dearfacha a Dhéanamh** sa Chatagóir *Sláinte & Folláine* agus **Register App - WIRE** sa chatagóir *Nuálaíocht Údaráis Áitiúil*.




- **Sraith Féilte Éireannacha Domhanda Fháilte Éireann:** I ndiaidh próiseas gairme iomaíoch a reáchtáil, fuarthas maoiniú luach €100,000 trí **Shraith Féilte Éireannacha Domhanda Fáilte Ireland** chun clár imeachtaí míosa a reáchtáil chun ár nDiaspóra a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar Mhaigh Eo mar chuid den Tionscnamh **Fill ar Mhaigh Eo.**

## FIGIÚIRÍ 2020

Tugadh **1,735,116** cuairt leathanaigh ar shuíomhanna gréasáin Chomhairle Contae Mhaigh Eo in 2020, sin méadú **12.3%** i gcomparáid le 2019.

Chuir **14 milliún+** spéis in **#Mayo Day** ar Lá Mhaigh Eo 2020.

# OIFIG NA GAEILGE

**Is é an aidhm atá ag Oifig na Gaeilge úsáid na Gaeilge i gCo. Mhaigh a chur chun cinn agus tacaíonn foireann na hOifige le Beartas Gaeilge Údarás Áitiúil Mhaigh Eo a chur chun feidhme.**



Luí na Gréine, Dún Briste" Buaiteoir an chomórtais grianghrafadóireachta a reáchtáladh ar líne do Lá Mhaigh Eo 2020

**Fad is a bhíothas ag leanúint ar aghaidh leis an leibhéal seirbhíse a bhí ar fáil trí Ghaeilge a fheabhsú, lean Comhairle Contae Mhaigh Eo ar aghaidh le cur chun feidhme Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, agus Phlean Teanga Chomhairle Contae Mhaigh Eo.**

San áireamh anseo bhí eolas a roinnt le baill foirne maidir le hoibleagáidí na Comhairle i leith na teanga, obair aistriúcháin a chur i gcrích, comhairle a thabhairt maidir le leaganacha de logainmneacha atá le húsáid ar chomharthaí bóthair agus a chinntiú go bhfuil suíomhanna gréasáin agus foilseacháin áirithe, foirmeacha, bileoga eolais etc. ar fáil sa dá theanga oifigiúla. Chomh maith leis sin, oibríonn Oifig na Gaeilge le heagraíochtaí Gaeilge eile i Maigh Eo chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

## BUAICPHOINTÍ 2020

€ Le sé bliana anuas tá sé léirithe againn go bhfuilimid fíorbhródúil as an mbrat glas agus dearg; táimid bródúil as an gcontae, as pobal an chontae, as ár n-áit féin agus as ár n-oidhreacht féin. Ainneoin go raibh go leor rudaí ag déanamh imní dúinn ar fad i rith 2020 bhí an brat fós le feiceáil! Mar gheall ar shrianta a bhain le Covid-19 cinneadh **Lá Mhaigh Eo 2020** a cheiliúradh ar líne. Sheol neart grúpaí/daoine atá ag obair in earnáil na Gaeilge teachtaireachtaí croíúla maidir le Lá Mhaigh Eo chugainn, grúpaí agus daoine as ar fud Mhaigh Eo agus Ghaeltacht Cheanada. Bhí ceol na hÉireann le cloisteáil i ngach cúinne mar aon le ceol nuachumtha as ár gcontae álainn féin. Reáchtáil Oifig na Gaeilge comórtas grianghrafadóireachta le Ceannteideal Gaeilge, a mhúscail neart spéise mar is léir ón líon mór iarratas as ar fud Mhaigh Eo a fuarthas. "Luí na Gréine, Dún Briste", atá le feiceáil thuas, an t-ainm atá ar an nGrianghraf a bhuaigh an comórtas.

Gaeilge Mhaigh Eo • Gaeilge Mhaigh Eo

# FEASACHT AR SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

**Reáchtálann Comhairle Contae Mhaigh Eo, i gcomhpháirt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, clár oideachais agus feasachta maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre. Cuid den chlár seo á aird a tharraingt ar an ngá atá le cúram agus feasacht maidir leis an dainséar a bhaineann leis na bóithre i gCo. Mhaigh Eo**




D'eagraigh Meitheal um Shábháilteacht ar Bhóithre Mhaigh Eo **Seó Sábháilteachta Bóthair Mhaigh Eo** i mí Feabhra 2020 i gcomhpháirt le **Axa**. Tá an seó seo á reáchtáil ó 2007, agus tugann breis is **1,500 dalta** ó **29 meánscoil**, lena n-áirítear scoileanna ó na contaetha máguaird aghaidh, ar an seó.

Eagraíonn an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre tacar Clár um Shábháilteacht ar Bhóithre atá dírithe ar an bpobal i scoileanna/coláistí, grúpaí pobail, eagraíochtaí spóirt agus gnóthaí agus tionscail áitiúla i gCo. Mhaigh Eo.

Tá **an Clár Oideachais um Shábháilteacht ar Bhóithre** dírithe ar úsáideoirí bóithre leochaileacha, iompar agus dearcadh tiománaithe, freagracht shóisialta, tiomáint mar ghairm bheatha, tiomáint lagaithe agus sábháilteacht rothaithe.

Oibríonn an oifig le Ranna eile i gComhairle Contae Mhaigh Eo agus le Comhchoiste um Shábháilteacht ar Bhóithre an Choiste, coiste a bhfuil oifigigh ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo, FSS an Iarthair, An Garda Síochána, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Bonneagar Iompair Éireann páirteach ann agus is é an aidhm atá cur an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre a chur chun feidhme.

I rith thréimhse an gheimhridh, eisíonn an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre, leideanna laethúla maidir le sábháilteacht ar bhóithre i rith an gheimhridh agus comhairle maidir le Clár Cothabhála an Gheimhridh.

**Mar chuid den seó tugtar deis do bhaill de An Garda Síochána, an tSeirbhís Otharcharranna agus an tSeirbhís Dóiteáin, Comhairleach Míochaine atá lonnaithe i Roinn Timpistí agus Éigeandála Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo, ball teaghlaigh de dhuine a maraíodh i dtimpiste bhóthair, duine a tháinig slán ó thuairt chairr agus adhlacóir, agus déanann siad cur síos ar a dtaithí féin ar dhéileáil le timpiste bhóthair thromchúiseach, cur i láthair a dhéanamh. Tá an Seó Bóthair ionraic seo dírithe ar mhic léinn idirbhliana, agus spreagtar tiománaithe óga agus daoine óga atá ar tí tosú ag tiomáint, meon freagrach a bheith acu i ndáil lena n-iompar tiomána féin.**

**Mar chuid den Chlár Oideachais um Shábháilteacht ar Bhóithre tugann an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre cuairt ar scoileanna agus tarraingítear aird ar Scéimeanna Oiliúna do Mhaoir Shóisearacha agus ar Scéimeanna Rothaíochta laistigh de scoileanna. Trí bheith ag comhoibriú le múinteoirí, an Garda Síochána agus tuismitheoirí, cabhraíonn na scéimeanna seo le haird a tharraingt ar Shábháilteacht ar Bhóithre. Chomh maith leis sin, bíonn an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre ag obair le Comhchoiste um Shábháilteacht ar Bhóithre an Chontae, a bhfuil an Chomhairle Contae, FSS an Iarthair, An Garda Síochána agus ionadaithe pobail áitiúla páirteach ann, agus é mar aidhm Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre Mhaigh Eo a chur chun feidhme.**



## Tacú le Sábháilteacht ar Bhóithre i Scoileanna

Tacaíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo le An Garda Síochána nuair a bhíonn cuairt á tabhairt acu ar scoileanna trí bhileoga, bandaí muinchille frithchaiteacha agus ábhar bolscaireachta eile maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chur ar fáil. Go ginearálta, bíonn ardmheas ag daoine ar na hiarrachtaí a dhéanann An Garda Síochána aird a tharraingt ar Shábháilteacht ar Bhóithre.



## Scéim na Maor Sóisearach

Táimid ag tacú le dhá Scéim do Mhaoir Shóisearacha sa chontae; scéim amháin i mBéal Átha na Muice agus scéim eile i Scoil Náisiúnta na Cé, Béal an Átha. Tá éidí agus comharthaí á gcur ar fáil ag Comhairle Contae Mhaigh Eo. Nuashonraítear marcanna bóthair go rialta. Tá an t-ádh ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo go bhfuil na príomhoidí scoile sa dá cheantar ag tacú leis an obair. Gan tacaíocht dá leithéid, níorbh fhéidir an scéim a reáchtáil.




## Aird Ghinearálta a Tharraingt ar Shábháilteacht ar Bhóithre trí na Meáin Áitiúla

Comhoibríonn Comhairle Contae Mhaigh Eo leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus tarraingíonn an Chomhairle aird ar chúrsaí sábháilteacht sna meáin áitiúla. I rith an gheimhridh, eisíonn an Oifig um Shábháilteacht ar Bhóithre leideanna agus an t-eolas is déanaí maidir le Clár Cothabhála an Gheimhridh.

## STAITISTICÍ MAIDIR LE HIMBHUAILTÍ AR BHÓITHRE - MAIGH EO

| BLIAIN | BÁSANNA |
|---|---|
| 2014 | 11 |
| 2015 | 13 |
| 2016 | 4 |
| 2017 | 12 |
| 2018 | 9 |
| 2019 | 3 |
| 2020 | 5 |

## AILTIRÍ

### Tá raon leathan de shaineolas teicniúil intí le fáil i Roinn na nAiltirí, lena n-áirítear ailtirí, innealtóirí, teicneoirí ailtireachta & sibhialta, gairneoirí, cléirigh oibreacha agus baill foirne cléireachais ar fud an Chontae.



Chomh maith leis sin, bainistíonn Roinn na nAiltirí tailte Theach Pháirc Thurlaigh, agus cinntítear go bhfuil cuma úrnua ar an áit.

## BUAICPHOINTÍ 2020

- Bhí baint ag an Roinn le seoladh **Scéim na mBloc Coincréite Lochtach (Pirít)** i dteannta leis an Rannóg Tithíochta, scéim a bhfuil sé mar aidhm léi an damáiste piríte a rinneadh do thithe príobháideacha i Maigh Eo a cheartú.

- Fuarthas maoiniú deontais do Bhéal an Átha faoi **Thionscnamh Bailte Stairiúla 2020** a chiallaigh gurbh fhéidir oibreacha caomhantais a chur i gcrích ag an áit a raibh Cuideachta Uisce Mianraí Bhéal an Átha lonnaithe tráth, mar aon le seanláithreán Regans, an tSeandílleachtlann Phreispitéireach & Siopa Búistéara Heffernans. Caomhnaíodh limistéar fairsing d'fhoirgnimh ailtireachta faoin scéim seo rud a chiallaíonn go mbeidh scileanna traidisiúnta á roinnt le daoine go leanúnach chun dlús a chur le hoibreacha ag croílár stairiúil Limistéar Caomhantais Ailtireachta *Pearse Street*.

- I measc na dtionscadal Oibreacha Caipitil atá ar siúl faoi láthair tá **Ionad Mháire Mhic Róibín** i mBéal an Átha, **Stáisiún Dóiteáin Chrois Mhaoilíona** agus **Dún Míleata Bhéal an Átha.**

- Maoiniú faighte ó Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann don **Fhéile *Architecture at the Edge* 2020,** tráth ar reáchtáladh imeachtaí i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara cultúrtha lena n-áirítear Áras Ealaíne Bhaile an Ghleanna, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta agus Cartlann Ailtireachta na hÉireann chun rannpháirtíocht leis an timpeallacht thógtha a spreagadh agus chun bealaí nua maidir le smaoineamh faoi ailtireacht a spreagadh.

- Bhí an Oifig Caomhantais Ailtireachta freagrach as bainistíocht tionscadail na n-oibreacha caomhantais ar struchtúir a mbaineann le suntas ailtireachta leo a fuair cúnamh deontais. Sholáthair **Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha**, **Ciste na nDéanmhas Stairiúil** agus **Pacáiste Spreagtha Post Mhí Iúil** cúnamh airgeadais le haghaidh oibreacha caomhantais ag Baile Easa Caoire, Teach na Gléibe, Teach na Críche, Séipéal Mhuire gan Smál & Iósaif, Séipéal Shan Séarlas an Mhairtírigh, Teach na nGréachán, Séipéal na Tríonóide Naofa, *Robe Villa*, Oibilisc na Ráithíní agus Teach an Ghleanna.

CUMARSÁID, CÓRAIS FAISNÉISE & FORBAIRT CHORPARÁIDEACH

# FIGIÚIRÍ 2020

Suiteáladh **2** áit súgartha nua, le cabhair ó Mhaoiniú Clár, i gCill Mheáin agus Achadh Ghobhair

Dearadh agus cuireadh **61** teach ar fáil do theaghlaigh a raibh luach 11 milliún luaite leo ag na suíomhanna seo a leanas: Béal Átha na Muice (27), Baile an Róba (16) agus Béal Átha hAmhnais (18)

Mapáladh agus cóireáladh 2,700 foirgeacht den ghlúineach bhiorach i gCo. Mhaigh Eo. Leanfaidh Oifig na bPáirceanna laistigh de Roinn na nAiltirí le speicis ionracha a mhapáil agus a rianú agus leagfar béim ar leith ar an nGlúineach Bhiorach i gcomhpháirt le pobail áitiúla.

D'oibrigh Oifigeach Páirceanna Chomhairle Contae Mhaigh Eo i ndlúthchomhar le raon leathan eagraíochtaí chun iarratas maoinithe chun **Comhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach** a ullmhú. Éascóidh an chomhpháirtíocht seo dearadh agus cur chun feidhme plean caomhantais don Bhumbóg Bhuí Mhór, a rachaidh chun tairbhe pailneoirí agus foinsí bithéagsúlachta eile ar 30 feirm ar An Muirthead agus ar mhórthír Iorrais i dTuaisceart Mhaigh Eo.



# LEABHARLANN CONTAE MHAIGH EO

**An eagraíocht chultúrtha nó oidhreachta is mó sa chontae, meallann leabharlanna Mhaigh Eo thart ar 480,000 cuairteoir gach bliain. Trí thairbhe a bhaint as clár cultúrtha suntasach, reáchtálann leabharlanna Mhaigh Eo breis is 350 imeacht gach bliain, lena n-áirítear raon leathan imeachtaí do leanaí, agus Féile Leabhar do Leanaí a reáchtáiltear i rith mhí Dheireadh Fómhair.**



**Ní raibh ach líon beag seirbhísí ar fáil in 2020 mar gheall ar phaindéim Covid-19. I rith na dtréimhsí nuair a bhí srianta i bhfeidhm bhí an leabharlann dúnta, agus dháil an fhoireann na céadta málaí leabhar bunaithe ar iarratais agus réimsí spéise daoine. D'oibrigh *Local Link* leis an leabharlann ar an tionscnamh seo.**

Leanadh ar aghaidh le **Clár Éire Ildánach** a rolladh amach in 2020. Áirítear i measc na mbuaicphointí: cláir faisnéise maidir le bálseomraí agus ceol Mhaigh Eo agus maidir le Micheál Mac Daibhéid; foilseachán maidir le bia traidisiúnta Mhaigh Eo; taispeántas maidir le stíleanna gruaige an lucht siúil agus digitiú an bhailiúcháin grianghraf ó *The Western People* ó na 1950idí agus 60idí agus tionscadal athchóirithe a bhí bunaithe ar iarann traidisiúnta.

## BUAICPHOINTÍ 2020

- **Draíocht na Leabhar,** tionscnamh Leabharlainne a raibh sé mar aidhm leis léitheoireacht i measc na n-óg a spreagadh, trí leabhair phictiúr a úsáid a dhéileálann le tuiscintí, mothúcháin agus ceisteanna casta. Cuirtear na leabhair seo ar fáil do go leor leanaí ar fud an chontae trí líonra a bhfuil oibrithe tacaíochta teaghlaigh, teiripeoirí urlabhra agus teanga agus ionaid acmhainní do theaghlaigh páirteach ann.

- Reáchtáladh an tionscnamh **Am Scéalaíochta an Earraigh**, a spreagann tuismitheoirí chun a leanaí a thabhairt chuig seisiúin am scéalaíochta arís ar líne agus bhain go leor daoine tairbhe as seisiúin sheachtainiúla rialta am scéalaíochta ar ár gcainéil meán sóisialta.

- Tá an clár **Am Léitheoireachta** a chabhraíonn le leanaí spéis a chur sa léitheoireacht agus a bheith níos muiníní agus níos féinmhuiníní á reáchtáil ag oibrithe deonacha ar baill d'fhoireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo iad, daoine a chaitheann am ag léamh, ar leanaí, do leanaí atá ag freastal ar scoileanna atá faoi mhíbhuntáiste thar thréimhse 20 seachtain.

- Le haghaidh **Sheachtain na Gaeilge** i mí an Mhárta, eagraíodh imeachtaí éagsúla trí mheán na Gaeilge.

- **Éire na Sláinte ag do Leabharlann**, straitéis rialtais a bhfuil sé mar aidhm léi a chinntiú go bhfuil ról lárnach ag leabharlanna sa phobal, a sholáthraíonn acmhainní agus imeachtaí a áireofar sa straitéis náisiúnta a bhfuil sé mar aidhm léi sláinte a fheabhsú. Reáchtáladh clár imeachtaí, a chlúdaigh ábhair cosúil le meabhairshláinte, athléimneacht, etc ar líne in 2020.

- ***Through the Ages***, irisleabhar ina bhfuil 48 leathanach inar chuir leanaí a gcuid seantuismitheoirí faoi agallamh maidir le blianta a n-óige, agus a dáileadh ar fud an chontae agus thar lear, agus ainmníodh é do Dhámhachtain um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil Chomhlachas Éireann.

- Osclaíodh **Mol Céadfach Cubbie** i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh chun cabhrú le daoine le lagú céadfach, riachtanais speisialta oideachais agus deacrachtaí foghlama eile.

- Reáchtáladh cruinnithe **an Chlub Leabhar ar Zoom**den chéad uair i Maigh Eo, lena n-áirítear cruinnithe roinnte le club leabhar atá bunaithe in Northampton, Massachussetts.

€ Reáchtáladh **Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh** ar líne, agus chuir leanaí léirmheasanna ar leabhair ar fáil go leictreonach agus bronnadh duaiseanna éagsúla gach seachtain.

€ **Cuireadh Boird Draíochta** ar fáil i leabharlanna Bhéal an Átha agus Bhéal Átha na Muice chun cabhrú le húsáideoirí atá ag déileáil le laguithe foghlama agus céadfacha.
Cuireadh tacaíochtaí **Litearthachta Digití** ar fáil i ngach brainse, agus cuireadh 100 tacar ar fáil do scoileanna.

### FIGIÚIRÍ 2020

**Méadú 60%**

ar an úsáid atá á baint as seirbhísí ar líne na leabharlainne; ríomhleabhair, closleabhair, nuachtáin agus irisí.

**200+**

mála leabhar curtha ar fáil do dhaoine a bhí ag clutharú trí chabhair ar fháil ó *Local Link*.

**Bhain 2500**

duine tairbhe as 130 postáil Facebook maidir le stair Mhaigh Eo i rith na dianghlasála.

**Reáchtáladh 104**

seisiún am scéalaíochta ar líne.

**Cuireadh 100**

Tacar Tacaíochta Litearthachta Digití ar fáil do scoileanna i Maigh Eo.

**1,000**

Is é seirbhís leabharlainne Mhaigh Eo an t-aon seirbhís leabharlainne in Éirinn ná sa Ríocht Aontaithe atá ag soláthar **Scéim Iasachtaithe na nUirlisí Ceoil** agus bhí breis is 1,000 uirlis ar iasacht ar fud an chontae in 2020.

**50,000**

Tá **Bailiúchán Liam Lyons** ina bhfuil breis is 50,000 íomhá ar fáil ar shuíomh gréasáin na leabharlainne do phobal Mhaigh Eo sa bhaile agus thar lear.

**Reáchtáladh 20**

seisiún fíorúil Am Léitheoireachta le haghaidh daltaí i rang a dó i scoileanna áitiúla.

**Fuair 20**

grúpa pobail tacaíocht ó dheontais Éire Ildánach.




## Bailiúchán Jackie Clarke

### Deich mBliana na gCuimhneachán

Mar chuid de **Dheich mBliana Cuimhneachán** Chomhairle Contae Mhaigh Eo, suiteáladh múrphictiúr deas thuas de Chogadh na Saoirse i nGairdín Bhailiúchán Jackie Clarke.

**6** dhámhachtain céad áite sna **Dámhachtainí Músaeim & Mise** sna catagóirí seo a leanas:

- Is Fearr in Éirinn
- Is Fearr faoi 3
- Is Fearr do Theaghlaigh
- Is Fearr do Leanaí Móra
- An Clár is Fearr
- An Clár Dúlra is Fearr





# OIFIG OIDHREACHTA MHAIGH EO

**Tacaíonn an Oifig Oidhreachta le feasacht, spéis, eolas, mórtas agus caomhnú oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha an chontae.**



### BUAICPHOINTÍ 2020

€ Foilsíodh 'Bogaigh Mhaigh Eo', treoirleabhar soléite maidir le tábhacht na mbogach don bhithéagsúlacht, sláinte, folláine agus geilleagar,

€ Ullmhaíodh **Plean Bainistíochta Caomhantais** do **Mhainistir na Cille, Sruthair**. Is Séadchomhartha Náisiúnta í atá faoi úinéireacht Chomhairle Contae Mhaigh Eo, agus sonraítear sa Phlean straitéis do bhainistíocht agus cothabháil an láithreáin thábhachtaigh seo.

**In 2020 lean Oifig Oidhreachta Mhaigh Eo ar aghaidh ag obair le pobail, agus tugadh cabhair dóibh le taighde a dhéanamh agus le faisnéis a bhailiú, agus chun a n-oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha a chosaint agus a chur chun cinn. Seo a leanas cuid de na príomhthionscadail a cuireadh i gcrích:**

- Taighde agus tiomsú **Stair Bia na nOileán Amach ó Chósta Mhaigh Eo,** bunaithe ar agallaimh leis an nglúin níos sine atá fós ina gcónaí ar na hoileáin nó a d'fhás aníos ar na hoileáin.
- Plean Léirithe a ullmhú do **Chonair Oidhreachta Chill Mobhí** chun eolas a chuir ar fáil maidir leis na ceanglais bhonneagair, léirmhíniú agus poiblíocht a dhéanamh ar an gconair amach anseo.
- Cuireadh dhá thionscadal bunaithe ar **Athchóiriú Oibreacha Iarainn Stairiúla** i gcrích ag Baile an Róba agus An Mhala Raithní, agus athchóiríodh agus deisíodh geataí feirme traidisiúnta agus oibreacha iarainn i reilig stairiúil.
- Cuireadh boscaí gabhlán gaoithe agus glaochórais ar fáil do cheithre scoil faoi **Thionscadal Gabhlán Gaoithe Mhaigh Eo.**
- Reáchtáladh **26** tionscadal dírithe ar oidhreacht nádúrtha, chultúrtha agus thógtha Mhaigh Eo ar líne do **Sheachtain Oidhreachta 2020**.
- Dáileadh breis is **2000 leabhrán maidir le Garraíodóireacht a thacaíonn le Bithéagsúlacht** ar ghrúpaí agus ar dhaoine éagsúla ar fud an chontae maidir chuid de **Thionscadal na bPobal ar son na Bithéagsúlachta.** Soláthraíonn an tionscadal seo tacaíocht agus comhairle do phobail Mhaigh Eo maidir le plandaí a chur, speicis ionracha a rialú, bainistíocht fásra agus gnáthóg agus **Plean Uile-Éireann um Pailneoirí.**

### Suirbhé ar Bhogaigh Mhaigh Eo

Tiomsaíodh bunachar sonraí de láithreáin aitheanta agus phoitéinsiúla bogach i gContae Mhaigh Eo. Tá 1190 láithreán san áireamh sa bhunachar sonraí seo, agus is uirlis úsáideach í an tacar sonraí atá bunaithe anois chun tacú le pleanáil chaomhantais na bithéagsúlachta agus na hoidhreachta nádúrtha. Beidh sé úsáideach nuair a bheidh cláir phleanála inbhuanaithe á bhforbairt agus nuair a bheidh suirbhéanna bogach agus tionscadail taighde spriocdhírithe á bhforbairt i gContae Mhaigh Eo amach anseo.

### Tionscadal Mapála an Ghunnaire

Tá an planda mór ionracha biabhóige, Gunnera tinctoria, ag fás go fairsing i gceantair cois cósta i Maigh Eo. I gcomhar leis an rannóg GIS, forbraíodh Aip Mhapála an Ghunnaire chun suíomh agus fairsinge an phlanda a thaifeadadh. D'fhoghlaim pobail sna ceantair ábhartha conas an Gunnaire a mhapáil agus a mhonatóiriú, cuireadh eolas cothrom le dáta maidir le stádas an phlanda ar fáil, éascaíodh forbairt clár rialaithe spriocdhírithe i Maigh Eo.

### Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla

Lean clár leanúnach an Phlean Bithéagsúlachta do bhailte agus sráidbhailte Mhaigh Eo le Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla a ullmhú le haghaidh na dtrí bhailte seo a leanas - **Caisleán an Bharraigh**, **Béal an Átha** agus **Béal an Mhuirthead**.

Tarraingítear aird sa Phlean ar cheantair atá tábhachtach chomh fada is a bhaineann le plandaí agus fiadhúlra eile agus sainaithnítear deiseanna agus moltar bearta praiticiúla chun oidhreacht nádúrtha na mbailte a fheabhsú agus a chaomhnú.

### Tailte Leabharlann Bhaile an Róba

Cuireadh tús le tionscadal Feabhais Thailte Leabharlann Bhaile an Róba. Rinneadh an obair i gcomhpháirt le Ceantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris-Bhéal Átha na Muice agus cuireadh an maoiniú ar fáil ó Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte, agus nuair a bheidh an tionscadal curtha i gcrích beidh cónaitheoirí agus cuairteoirí in ann tailte na leabharlainne a úsáid mar spás solúbtha, éagsúil amuigh faoin aer.

### Féilire Oidhreachta 2020

Ba é an téama a roghnaíodh do **Féilire Oidhreachta Mhaigh Eo 2020** *Oidhreacht Gheolaíoch Mhaigh Eo*. Tá íomhánna de láithreáin oidhreachta geolaíocha éagsúla i Maigh Eo le fáil san fhéilire, agus chomh maith leis sin, tarraingítear aird ar chuid de na tírdhreacha agus gnéithe geomoirfeolaíocha atá le fáil i gContae Mhaigh Eo.

### Scrúdú Sláinte Lár Bhaile Bhéal an Átha

Rinneadh cur síos i dtuairisc achomhair ar thorthaí scrúdú sláinte comhoibríoch lár an bhaile, scrúdú a raibh baint ag Comhairle Contae Mhaigh Eo, Comhlachas Bhéal an Átha, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo agus RED C leis, le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta.

## Loch Ceara

Forbraíodh físeán d'oidhreacht Loch Ceara i rith 2020. Tarraingíodh aird ar éagsúlacht na ngnáthóg agus na speiceas atá le fáil ag an láithreán seo a mbaineann tábhacht idirnáisiúnta leis.

### Seanreilig an Chillín

Cuireach oibreacha caomhantais agus deisiúcháin i gcrích ag Seanreilig an Chillín, Áth Tí an Mheasaigh. Is séadchomhartha taifeadta é, agus is ag an láithreán seo atá uaigh teaghlaigh an Athar Patrick Peyton, CSS, 'Sagart an Phaidrín', nach maireann

Chun **Seachtain Oidhreachta 2020** a cheiliúradh, taispeánadh 26 tionscadal ar líne a raibh sé mar aidhm leo aird a tharraingt ar oidhreacht nádúrtha, chultúrtha agus thógtha Mhaigh Eo.



# SEIRBHÍS EALAÍN MHAIGH EO

**Tá Seirbhís Ealaín Mhaigh Eo freagrach as forbairt agus cur chun feidhme seirbhísí a thacaíonn leis na hEalaíona i Maigh Eo. Cinntíonn an tseirbhís go bhfuil na hEalaíona agus na limistéir ghaolmhara oscailte, taitneamhach agus go soláthraítear imeachtaí dúshlánacha ar féidir le gach duine tairbhe a bhaint astu, beag beann ar a gcúlra nó taithí ar na hEalaíona roimhe seo.**



Gach bliain, oibríonn an tseirbhís le healaíontóirí, féilte, ionaid agus grúpaí pobail agus bíonn tionchar díreach aici ar shaol 200,000 duine ar a laghad a bhaineann tairbhe as tacaíochtaí díreacha na seirbhíse (deontais, oiliúint, eolas) agus a fhreastalaíonn ar imeachtaí eagraithe nó maoinithe tríd an tseirbhís ealaíon.

# BUAICPHOINTÍ 2020

€ Reáchtáladh clár ar líne de dheiseanna forbartha gairmiúla d'ealaíontóirí, gairmithe ealaíon, ionaid agus féilte sa chontae.

€ Cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil ar líne do bhainisteoirí Ionad Ealaíon Mhaigh Eo agus d'ealaíontóirí roghnaithe chun **Turais Ionchuimsitheacha Dánlainne Azure do Dhaoine a bhfuil Néaltrú orthu** a reáchtáil, agus thacaigh **Éire Ildánach** leis an tionscadal seo freisin.

 D'oibrigh Kids Own Publishing, an t-ealaíontóir Keira O'Toole agus Scoil Náisiúnta San Aingeal, Caisleán an Bharraigh i gcomhpháirt chun taispeántas nua scoile a fhorbairt mar aon le paca acmhainní tionlacain dar teideal 'A Splash of Blue', agus thacaigh **Éire Ildánach** leis an tionscadal seo freisin.

€ Eagraíodh díospóireacht phainéil le **Na Cailleacha**, comharghrúpa de sheisear ealaíontóirí níos sine a ghlac páirt i gcónaitheacht i **bhFondúireacht Ealaíon Bhaile an Ghleanna,** le tacaíocht ó Éire Ildánach & **PPN Mhaigh Eo.**

€ Bronnadh coimisiún **Onsight 2020** ar an ealaíontóir de bhunadh Dhún na nGall, Maria McKinney, comhpháirtíocht idir **Ard-Mhúsaem na hÉireann - Saol na Tuaithe**, Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo, an **Chomhairle Ealaíon** agus trí thacaíocht ó ***Mayo Artsquad.***

€ Cuireadh tús le tionscnamh píolótach nua dar teideal **Kickstart**, tionscnamh atá dírithe ar dhaoine atá faoi mhíchumas ar mhaith leo díriú ar fhéith na cruthaitheachta agus ar na hEalaíona ar bhonn aonair.

€ Cuireadh athbhreithniú ar Chlár Ealaíon & Míchumais ***Upstart*** i gcrích.

€ Rinneadh ceiliúradh ar **Lá Éigse Éireann** i gcomhpháirt le Stáisiún Raidió **Mid-West** agus leis na filí **Martin Dyar, Alice Kinsella** agus **Síoda Monaghan** agus forbraíodh sraith léamh fíorúil le gach file.

€ Sheol Comhairle Mhaigh Eo, Dhún na nGall agus Bhaile Átha Cliath Theas an tionscadal dar teideal **Ag Obair i gComhthéacsanna Idirchultúrtha, TREOIRLEABHAR** d'Údaráis Áitiúla agus do Sholáthraithe Cultúrtha agus thacaigh An Chomhairle Ealaíon leis an obair seo.

€ Bronnadh coimisiún ealaín phoiblí nua dar teideal **Navigating the Future,** atá dírithe ar shaothar ealaíne a chruthú mar fhreagairt do thionchar leanúnach Covid-19 agus dár dtodhchaí, ar cheathrar ealaíontóirí de bhunadh Mhaigh Eo, **Breda Burns** (Amharc-Ealaín), **Breda Mayock** (Amharc-Ealaín & Ceol), **Catherine Donnelly** (Damhsa) agus **Áine O'Hara** (Amharc-Ealaín & Amharclann).

# FIGIÚIRÍ 2020

D'eagraigh an tSeirbhís Ealaíon **125** imeacht (ar líne & pearsanta) in 2020 agus baineadh tairbhe as seirbhísí **67** ealaíontóir.

Thacaigh tionscnaimh chruthaitheacha in 15 Aonad Altranais Phobail (clár a reáchtáladh ar fud an chontae) leis an obair trí ábhair a sholáthar, físeáin mhínitheacha agus saothair ealaíne coimisiúnaithe, agus thacaigh **Éire Ildánach** leis an tionscadal seo.

D'fhreastail **130+** duine óg ar agus ghlac siad páirt i Sraith Cainteanna Ealaíon na nÓg EXCEL. Ghlac beagnach **3,500** leanbh agus duine óg páirt i gclár Ghlúin an Cheoil.

Bhain **2,000** duine tairbhe (ar líne agus go pearsanta) as ár gClár Forbartha Gairmiúla.

Ghlac **30** ionad ar fud Mhaigh Eo páirt in Oíche Chultúir 2020, agus reáchtáladh breis is **39,000** imeacht ar líne agus beo mar chuid de chlár ilchineálach cultúrtha an tráthnóna.

Cuireadh maoiniú comhpháirtíochta ionaid luach **€134,000** ar fáil do 6 hionad ealaíon. D'fhéach beagnach thart ar **100,000** duine, ar líne agus pearsanta, ar chláir agus imeachtaí na n-ionad seo.

D'fhéach **10,000** duine ar **Lá Mhaigh Eo 2020** ar líne Taispeántas de shaothar **30** ealaíontóir atá páirteach i mBailiúchán Fhondúireacht Ealaíon Bhaile an Ghleanna.

Cuireadh **16** Dhámhachtain d'Ábhair Amharc-Ealaíne agus Cúnamh Taispeántais ar fáil d'Fhéilte agus Imeachtaí Ealaíon pobail trí na hAchtanna Ealaíon; le tacaíocht a chuir Éire Ildánach ar fáil bronnadh Cónaitheacht Choimeádaíochta Ilchineálachta Cultúrtha amháin (lena n-áirítear Sparánacht Tyrone Guthrie) agus Dámhachtain *Film Mayo* (lena n-áirítear Sparánacht Tyrone Guthrie); agus tacaíodh le healaíontóir amháin mar chuid de Scéim Forbartha Ealaíontóra Ardán 31 (le tacaíocht ó Éire Ildánach agus ón gComhairle Ealaíon).

Tacaíodh le **5** thionscadal Ealaíon agus Míchumais in Ionaid Ealaíon.


Thacaigh ***Film Mayo*** le **100** fiosrúchán a bhain le scannáin in 2020.

D'éist **30,000** duine le léamha Fhilí Mhaigh Eo ar Stáisiún Raidió Midwest ar **Lá Éigse Éireann**



# CÓRAIS FAISNÉISE

**Soláthraíonn Roinn Córas Faisnéise Chomhairle Contae Mhaigh Eo Oibríochtaí TF, Forbairt Bogearraí, Córais Faisnéise Geografaí (GIS) agus seirbhísí Slándála agus Bonneagair TF don Chomhairle. Nuair a bhíonn na seirbhísí seo á soláthar, soláthraímid ardán digiteach dár mbaill foirne, comhairleoirí, saoránaigh, cuairteoirí agus gnóthaí chun tacú le soláthar seirbhísí feabhsaithe. Tá Roinn na gCóras Faisnéise ag leanúint ar aghaidh ag cur lena cuid cumas chomh fada is a bhaineann leis an ardán teicneolaíochta agus le hinniúlacht foirne trí oiliúint theicniúil agus ghairmiúil a sholáthar go leanúnach agus trí chúrsaí oideachais a chuirtear i gcrích i rith na bliana.**



I mí an Mhárta 2020, tháinig scála agus tionchar phaindéim an choróinvíris in Éirinn chun solais. B'éigean do Chomhairle Contae Mhaigh Eo, ach oiread le go leor eagraíochtaí eile, déileáil leis an dianghlasáil gan choinne agus teacht ar bhealaí lena chinntiú go bhféadfaí leanúint ar aghaidh ag tacú le hoibríochtaí. Ba léir gan mhoill go mbeadh ról lárnach ag acmhainn teicneolaíochta na heagraíochta ina cumas leanúint ar aghaidh le seirbhísí a sholáthar.

Bhí tionchar suntasach ag paindéim Covid-19 ar an saol in Éirinn agus ar mhodhanna oibre Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Ó thús 2020, tá tairbhe á baint againn as ár gcumas teicniúil chun modhanna oibre na heagraíochta a athrú ionas go bhféadfaí lántairbhe a bhaint as seirbhíse ar líne, cianobair agus cumarsáid dhigiteach chun tacú le soláthar seirbhísí.

Chruthaigh méadú comhréireach ar chibearbhagairtí riosca d'oibríochtaí agus ualaí oibre breise - a bhaineann go sonrach le Roinn na gCóras Faisnéise, cibearbhagairtí a chiallaíonn go bhfuil iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh ag oibreoirí díobhálacha ár gcórais a scriosadh agus ár sonraí a nochtadh chun críocha mailíseacha. Tá go leor maoluithe bunaithe chun ár gcórais a chosaint agus ár gcumas leanúint ar aghaidh lenár gnó a threisiú.

## ÁR RÁITEAS MISIN

**Comhairle Contae Mhaigh Eo a chur chun cinn mar eiseamláir earnálach i gcomhthéacs na dtionscadal claochlaitheach teicniúil agus mar cheannaire i réimse na nuálaíochta fad is atá ardán digiteach slán chun tacú le soláthar seirbhíse feabhsaithe á chur ar fáil dár mbaill foirne, comhairleoirí, saoránaigh, cuairteoirí agus gnóthaí.**

Information Security Management ISO 27001 Certified

**In 2020 cuireadh in iúl don Roinn Córas Faisnéise go raibh athdheimhniú 3 bliana le haghaidh ISO 27001 Córais Bhainistíochta Córas Faisnéise (ISMS) á bhronnadh uirthi.**

**Tá léargas gonta le fáil thíos ar an obair a cuireadh i gcrích i rith 2020 chun tacú le spleáchas méadaithe na Comhairle ar theicneolaíocht laistigh de chreat bainistíochta luacha.**

- Forbraíodh an acmhainn cianoibre agus tá ar chumas breis is 90% den fhoireann atá ag obair san oifig oibriú ó chian ar bhealach sábháilte anois.
- Imscaradh timpeallachtaí slána do chianobair lena n-áirítear VPNanna (Líonraí Príobháideacha Fíorúla) chun deis a thabhairt do bhaill foirne nascadh go slán le córais na Comhairle ón mbaile.
- ITIL (Bonneagar TF Leabharlainne) bunaithe ar Chóras Deisce Freastail TF - bainistíocht teagmhas agus fadhbanna agus soláthar gléasanna d'úsáideoirí agus bainistíocht saolré. Cuireadh breis is 3,000 iarratas deisce freastail i gcrích in 2020.
- Athdheimhniú 3 bliana le haghaidh ISO 27001 Córais Bhainistíochta Córas Faisnéise (ISMS).
- Bunaíodh córas Bainistíochta Sócmhainní TF. Cuireadh Bord um Fhaomhadh Athruithe (CAB) chun feidhme chun athrú córas a bhainistiú.
- Dearadh agus imscaradh samhail oibriúcháin TF seirbhísbhunaithe nua a chloíonn le hailtireacht tagartha ag tionscalchaighdeán IT4IT.
- Aimsíodh agus imscaradh néalchóras slándála ríomhphoist agus réiteach cúltaca ríomhphoist.
- Imscaradh ballaí dóiteáin athléimneacha den Chéad Ghlúin Eile (NG) Palo Alto in áit trealaimh a bhfuil a ré caite.
- Uasghráduithe nascachta idir an tÁras agus an Fortheach agus uasghráduithe ar Líonraí an Rialtais.
- Uasghráduithe ar nascacht an Cheantair Bhardasaigh lena n-áirítear uasghrádú snáithín in Oifig Ceantair Chlár Chlainne Mhuiris.
- Faireachán réamhghníomhach leanúnach ar agus uasghrádú láithreán agus trealaimh achair fhairsing.
- Ascnamh, uasghráduithe agus díchoimisiúnú leanúnach na gcóras agus na bhfreastalaithe oidhreachta.
- Bainistíocht saolré gléasanna móibíleacha, teileafón agus conarthaí sonraí le soláthraithe.
- Íocaíochtaí slána ar líne a fhorbairt mar aon le córais earcaíochta agus deontas atosaithe ar líne.
- Forbairt córas, sreafaí oibre uathoibrithe agus uasghráduithe d'fheidhmchláir aonaid ghnó (lena n-áirítear Clár na dToghthóirí, córais Phleanála agus Tithíochta).
- Tacaíocht theicniúil agus comhoibriú leanúnach leis an Roinn Cumarsáide ar www.Mayo.ie.
- Cuireadh tacaíocht ar fáil do chórais GIS, cuireadh seirbhísí mapála ar fáil agus bainistíodh néal-ardáin GIS.
- Cuireadh tacaíocht ar fáil do bhainistíocht comhad agus taifead agus do rialachas sonraí agus bainistíocht comhlíonta.
- Cuireadh tacaíocht oideachais agus oiliúna ar fáil do Bhaill Foirne TF laistigh de chreat forbartha cumais.
- Oibríodh i gcomhpháirt le léachtóirí ó GMIT ar shraith ceardlann bunaithe ar dhea-chleachtas na Deisce Freastail TF agus Smaointeoireacht Deartha.
- Glacadh páirt sna grúpaí slándála náisiúnta agus réigiúnacha lena n-áirítear gréasán Úsáideoirí Office 365 Users, Grúpa HIS, Fochoiste Cibearshlándála an Rialtais Áitiúil.
- Cuireadh obair i gcrích i gcomhpháirt leis an earnáil thionsclaíoch, an lucht acadúil agus comhpháirtithe réigiúnacha lena n-áirítear GMIT agus Ollscoil Mhá Nuad.
- Cuireadh obair i gcrích le Lero - Ionad Taighde Bogearraí na hÉireann in Ollscoil Luimnigh, Bord Comhairleach Mol Fiontair Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC), an Institiúid um Luach Nuálaíochta in Ollscoil Mhá Nua agus Cathaoirleach an Ghrúpa Náisiúnta Ailtireachta agus Caighdeán d'earnáil an rialtais áitiúil.





## CLAOCHLÚ DIGITEACH

**Bunaíodh an Roinn um Chlaochlú Digiteach go hoifigiúil i mí Márta 2020 agus tá obair na Roinne bunaithe ar fhís atá bunaithe ar ionad oibre níos digití, tríd an oiread teicneolaíochta agus is féidir a chumasú chun próisis inmheánacha agus sheachtracha a chlaochlú chun an saol a dhéanamh níos éasca do chustaiméirí agus do bhaill foirne.**



Tugadh an obair seo faoi deara i rith ghéarchéim covid tráth ar chabhraigh an Fhoireann um Chlaochlú Digiteach le Comhairleoirí agus le Baill Foirne trí chur chun feidhme iomlán MS Teams a chumasaigh cianobair agus a bhí ríthábhachtach d'fhonn a chinntiú gur leanadh ar aghaidh le seirbhísí a sholáthar ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear cruinnithe agus ceardlanna de chuid na Comhairle, cruinnithe foirne, uirlisí comhoibrithe agus feidhmiúlacht iomlán teileafónaíochta.

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo tiomanta do chlár fairsing Claochlaithe Dhigitigh a áireofar ann Ardán do Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí (CRM) a bheidh mar bhonn le soláthar seirbhísí dár gcustaiméirí agus baill foirne a fheabhsú.

In 2020, chuir an Roinn um Chlaochlú Digiteach na tionscadail seo a leanas chun feidhme:

- Cuireadh Microsoft Teams chun feidhme i gComhairle Contae Mhaigh Eo.
- Thosaigh Comhairleoirí ag baint úsáide as Teams agus cruinnithe comhairle fíorúla.
- Tacaíodh le Líne Chabhrach Tacaíochta Covid-19.
- Bunaidh Aip Chigireachta Tithíochta Auxillion do Chigirí Tithíochta sa Lár-Oifig Tithíochta.
- Forbraíodh leaganacha digiteacha d'fhoirmeacha iarratais don Roinn Rannpháirtíochta sa Phobal.
- Thacaigh Ionad Teagmhála do Chustaiméirí Enghoise seirbhísí feabhsaithe do chustaiméirí.
- Bunaíodh Tairseach Chomhairliúcháin Phoiblí atá ar fáil ag www.Mayo.ie.
- Reáchtáladh Agallaimh Earcaíochta trí úsáid a bhaint as MS Teams rud a chiallaigh gurbh fhéidir leanúint ar aghaidh le daoine a earcú i rith Covid- 19.
- Cruthaíodh agus tacaíodh le hImeachtaí Beo Teams do ranna éagsúla.
- Cruthaíodh uainchláir dhigiteacha chianoibre roinne trí úsáid a bhaint as MS Teams.
- Céim 1 de Thionscadal Chatalóg Náisiúnta Seirbhísí LGMA. Bainfidh ár gcustaiméirí go leor tairbhe as an gcatalóg seo de bhrí go mbeidh eolas le fáil inti faoi thart ar 1,100 seirbhís atá á cur ar fáil ag Comhairle Contae Mhaigh Eo do bhaill den phobal. Chomh maith leis sin, éascóidh sé éifeachtúlacht feabhsaithe trí phróisis nach mór iad a dhigitiú a shainaithint.



BÁID AR CHUAN MÓ

# PLEANÁIL, POBAL & FORBAIRT GHEILLEAGRACH

## SA RANNÓG SEO


Rannpháirtíocht sa Phobal

Coiste Cúraim Leanaí Chontae Mhaigh Eo

Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo

Oifig Fiontair Áitiúil

Infheistíocht

Forbairt Turasóireachta

An tAonad Leathanbhanda & Forbartha Digití

Pleanáil & Forbairt Forfheidhmiú Pleanála



RANNPHÁIRTÍOCHT SA PHOBAL

**Bunaíodh an Rannóg Rannpháirtíochta sa Phobal chun folláine pobail a neartú agus a fheabhsú trí Thacú le Rannpháirtíocht: Rannpháirtíocht chathartha a chumasú i dtionscnaimh agus i gceapadh beartais a bhfuil sé mar aidhm leis caighdeán na beatha a fheabhsú do gach duine, Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha a Fhorbairt: Ag obair le heagraíochtaí eile agus leis an earnáil dheonach chun torthaí níos fearr a chinntiú do phobail ar fud an Chontae sna réimse seo a leanas - forbairt pobail, spóirt agus cúram leanaí, agus Maoirseacht: Trédhearcacht agus dea-rialachas a chinntiú i riar clár atá ag tacú le forbairt pobail, spóirt agus cúraim leanaí.**

Forbairt Chomhtháite, Forbairt Pobail & Ionchuimsiú Sóisialta a Éascú &Tacú Léi

# BUAICPHOINTÍ 2020

- **An Pobal Feasta:** D'athnuaigh **Ceathrú na Con** a Phlean don Phobal Feasta, agus forbraíodh an obair athnuachana le haghaidh **Achadh Ghobhair** agus **Bhaile an Tobair**. Tá plean athnuachana **na Sráide** á fhorbairt ar líne.
- Bronnadh an chéad duais ar **Club na Leon Bhaile na Cora** agus **Bhéal an Átha** ina gcatagóirí cuí ag **Gradaim Náisiúnta Mórtas Ceantair 2020.**
- Mná atá Páirteach i bPolaitíocht agus Ionadaíocht Phobail, staidéar ar eispéiris na mban ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta laistigh de Chontae Mhaigh Eo, a seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2020.
- Lean Fóram um Imeascadh Imirceach Mhaigh Eo le **Straitéis um Imeascadh Imirceach Mhaigh Eo** a fhorbairt agus sroicheadh an chéim chomhairliúcháin.
- Seoladh **Straitéis Sláinte Mhaigh Eo 2020 - 2023,** agus ba é an aidhm a bhí leis an straitéis tacú le gníomhaíochtaí suntasacha **Chlár Mhaigh Eo Sláintiúil** ar fud an chontae.
- Rinne **Comhairle na nÓg** Mhaigh Eo teagmháil lena pobail trí úsáid a bhaint as teachtaireachtaí dearfach meán sóisialta, trí litreacha a scríobh chuig daoine scothaosta agus trí ghníomhaíochtaí do dhaoine óga a reáchtáil i rith na srianta.

In 2020 is ag díriú ar **comhionannas** a bhí siad agus reáchtaladh a gCruinniú Cinn Bliana i mí Dheireadh Fómhair.

- Chun comóradh a dhéanamh ar **Lá Náisiúnta Súgartha 2020** cuireadh pacaí súgartha ar fáil do leanaí ó Phobal an Lucht an Siúil agus Pobal na nDídeanaithe agus do leanaí atá i Soláthar Díreach.
- D'eagraigh **Meitheal Oideachais & Oiliúna LCDC** 50 seastán in GMIT chun léargas a thabhairt ar choláistí tríú leibhéal agus Iar-Ardteistiméireachta, soláthraithe printíseachtaí, fostóirí agus soláthraithe gairmsheirbhíse ag **Lá na nGairmeacha** in GMIT i mí Eanáir 2020.
- D'éirigh le Grúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Mhaigh Eo athstruchtúrú a dhéanamh i mí Meithimh 2020 agus i rith mhí na Nollag 2020 cuireadh tús leis an obair a bhain le **Plean Phobal Feasta an Lucht Siúil**.
- Reáchtáladh Seachtain Feasachta Ionchuimsithe Shóisialta **Mhaigh Eo** i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus eagraíodh breis is 30 imeacht ar fud Mhaigh Eo lena n-áirítear Seimineár Gréasáin d'Fhir Mhaigh Eo & Éagsúlacht agus ba é Rory O'Neill (Panti Bliss) a thug an phríomhóráid. Chomh maith leis sin, seoladh an grúpa **Maigh Eo In Aghaidh an Chiníochais** i rith na Seachtaine Ionchuimsithe Shóisialta. Físeán pobail dar teideal **'Ná Glac le Ciníochas'** an chéad rud a rinne an grúpa.
- D'eagraigh Aoisbhá Mhaigh Eo, Cónaidhm na hÉireann um Míchumas agus an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre an Feachtas dar teideal ***Make Way Day 2020*** a dhírigh ar riachtanais daoine atá faoi mhíchumas agus an phobail trí chéile. D'eagraigh Aoisbhá Mhaigh Eo agus Oifig Ealaíon Mhaigh Eo ranga ceardaíochta ar líne le Katie Moore (conas boghanna ceatha a dhéanamh). Dáileadh pacaí ábhair chun deis a thabhairt do dhaoine atá ina gcónaí i dtithe altranais páirt a ghlacadh sa rang.
- Bunaíodh **Foireann Ghníomhaíochta um Chomhionannas** Chomhairle Contae Mhaigh i mí Dheireadh Fómhair 2020.

## TORTHAÍ MAOINITHE 2020

| FOINSE | LEITHDHÁILEADH IOMLÁN | AN LÍON TIONSCADAL MAOINITHE |
|---|---|---|
| SICAP (Clár Gníomhachtúcháin agus Pobail um Ionchuimsiú Sóisialta) | 1,308,008 | |
| Ciste Éigeandála Covid-19 | 122,000 | |
| Clár Feabhsaithe Pobail | 237,760 | 174 |
| LEADER | 2,636,097 | 40 |
| CISTE SOCHAIR PHOBAL OWENINNY | 261,000 | 58 |
| ÉIRE NA SLÁINTE (BABHTA TRÍ) | 374,100 | |

**D'fhoilsigh an Rannóg Rannpháirtíochta sa Phobal Treoirleabhar nua maidir le Maoiniú Pobail in 2020**

**COISTE UM FHORBAIRT POBAIL ÁITIÚIL MHAIGH EO (LCDC):**

Bhuail LCDC, Coiste ag a bhfuil Baill Reachtúla agus Neamhreachtúla le chéile 3 huaire in 2020 agus tá 4 mheitheal bunaithe ag an gCoiste:

Oideachas & Oiliúint, Sláinte & Folláine, Ionchuimsiú Sóisialta & Forbairt Pobail agus Cultúr, Oidhreacht, Timpeallacht & Teanga atá ag feidhmiú mar chuid de struchtúir LCDC.

Is é príomhchúram an choiste Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail (LECP) 6 bliana a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus tá an phríomhfhreagracht air as comhordú, pleanáil agus maoirseacht a dhéanamh ar mhaoiniú forbartha áitiúil agus pobail i gCo. Mhaigh Eo i.e. Cláir SICAP agus LEADER.

**LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POIBLÍ MHAIGH EO (PPN)**

Feidhmíonn PPN Mhaigh Eo de réir phrionsabal na rannpháirtíochta sa phobal, spreagann sé daoine agus grúpaí chun a bheith ag obair le chéile chun cuspóir comhchoiteann a chomhlíonadh - difríocht a dhéanamh agus a bpobail a fheabhsú.

Tá ról suntasach ag PPNanna i bhforbairt agus i gcúrsaí oideachais a chur ar fáil dá mbaillghrúpaí, eolas a roinnt, tacú le dea-chleachtas agus líonrú a éascú. In 2020 cuireadh tacar de chúrsaí oiliúna saor in aisce ar fáil do ghrúpaí pobail a bhí cláraithe le PPN Mhaigh Eo.

Bhí ról lárnach ag PPN Mhaigh Eo i mbailiú agus i dtiomsú sonraí ó bhreis is 900 Grúpa Pobail atá cláraithe leis ar mhaithe le Léarscáil Idirghníomhach Covid-19 a fhorbairt agus Líne Chabhrach Covid a bhunú.

Tá 18 n-ionadaí PPN páirteach i gCoiste na Comhairle Contae mar aon le 13 ionadaí ar an gCoiste Rúnaíochta. Chláraigh PPN Mhaigh Eo a 1,000 Ballghrúpa i rith 2020.

**COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA (JPC)**

Fóram a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le comhairliúchán agus comhoibriú maidir le saincheisteanna póilíneachta agus coireachta idir An Garda Síochána, oifigigh údaráis áitiúil, baill thofa agus na hearnálacha pobail agus deonacha. Reáchtáil an coiste 3 chruinniú i rith 2020 (cruinniú ar fhreastail daoine air agus dhá chruinniú ar líne) agus is iad seo a leanas na príomhréimsí oibre:

- **Rialacháin maidir le Dróin**
- **Scéimeanna CCTV**
- **Tacaíocht d'Íospartaigh Drochíde sa Teaghlach i rith Covid-19**
- **Freagairt Phobail Covid**
- **Monatóireacht agus athbhreithniú leantach ar choireacht, soláthar drugaí agus ord poiblí.**

## GNÉITHE POBAIL MHAIGH EO

Cabhraíonn comhpháirtíocht phobail agus gníomhaireachta a bunaíodh mar fhochoiste d'Fhóram Pobail an Chontae in 2005, Gnéithe Pobail Mhaigh Eo, le pobail Pleananna Gníomhaíochta Pobail a ullmhú, níos mó daoine a spreagadh chun ról gníomhach a bheith acu ina bpobail, eagraíochtaí pobail áitiúla a láidriú agus a fhorbairt, cur ar chumas pobal tionscadail agus gníomhaíochtaí tosaíochta a shainaithint agus a fhorbairt agus ionadaíocht éifeachtach a dhéanamh ar a gcuid leasanna ag leibhéal áitiúil, contae agus náisiúnta.

I rith 2020, cuireadh isteach ar phleananna, áfach, ach d'éirigh le **Ceathrú na Con** a phlean athnuachana Gnéithe Pobail a chur i gcrích. Tá pleananna athnuachan **Achadh Ghobhair** agus **Bhaile an Tobair** beagnach críochnaithe, agus tá a plean athnuachana á fhorbairt ag **An tSráid** ar líne.









**FÓRAM FREAGARTHA POBAIL COVID MHAIGH EO**

Bhunaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo an fóram i mí Feabhra 2020, agus tá sé mar aidhm ag Fóram Freagartha Pobail Mhaigh Eo (CRF) freagairt chomhoibríoch idirghníomhaireachta d'Éigeandáil Covid-19 a sholáthar.

Buaileann baill an ghrúpa le chéile go rialta agus comhordaíonn siad freagairtí spriocdhírithe do na dúshláin a d'eascair as Covid-19 lena n-áirítear:

- Líne Chabhrach Covid-19 7 lá na seachtaine, tacaíochtaí earnálacha (Obair Dheonach, Iompar, Slándáil Phobail agus Ionchuimsiú Sóisialta),
- Comhairle maidir le deontais Atosaithe do ghnóthaí,
- Tacaíochtaí agus eolas do ghrúpaí leochaileacha,
- Léarscáil idirghníomhach a tharraingíonn aird ar ghrúpaí agus ar sheirbhísí sonracha pobail atá ar fáil chun tacú le grúpaí leochaileacha.

Dáileadh bileog eolais riachtanach ina bhfuil Eolas maidir le hIonchuimsiú ar fud an chontae.

Cuireadh Maoiniú Éigeandála Covid ar fáil do 58 grúpa agus fógraíodh an dara Ciste Athléimneachta Pobail in 2020.

Mar chuid den phlean **"Maireachtáil le COVID-19"** sheol an Rialtas feachtas náisiúnta a bhí dírithe ar chúig phríomhthéama:


Fan Gníomhach • Fan i dTeagmháil le Daoine • Lig do Scíth agus Bí Cruthaitheach

Ith bia sláintiúil • Tabhair aird ar an gcineál Giúmair atá ort












# COISTE CÚRAIM LEANAÍ CHONTAE MHAIGH EO

**Tacaíonn Coiste Cúraim Leanaí Chontae Mhaigh Eo le soláthar clár cúraim agus oideachais luathóige i Maigh Eo agus oibríonn sé i gcomhar le agus i bpáirt leis an Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige, Pobal agus gach páirtí leasmhar san earnáil cúraim leanaí.**



## Príomhthosaíocht de chuid Choiste Cúraim Leanaí Chontae Mhaigh Eo ba ea dianobair a dhéanamh chun tacú le seirbhísí fanacht i mbun gnó agus oscailt arís i ndiaidh Covid- 19.

Soláthraíonn Coiste Cúraim Leanaí Chontae Mhaigh Eo eolas, tacaíocht agus treoir maidir le Maoiniú Náisiúnta Cúraim Leanaí agus cláir ghaolmhara do thuismitheoirí agus seirbhísí luathbhlianta agus comhordaíonn sé gníomhaireachtaí áitiúla a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais agus oideachais do na grúpaí seo.

Áirítear i measc na gclár an **Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí,** an chéad teidlíocht reachtúil riamh do thacaíocht airgeadais do Chúram Leanaí in Éirinn agus **Scéim na Bliana Réamhscoile Saor in Aisce** (ECCE), Áirítear i measc na gclár eile ar tacaíodh leo **an Clár Fóirdheontais um Chúram Leanaí Pobail** (CCSP), **Cúram Leanaí um Oiliúint agus Fostaíocht** (TEC), **an Fóirdheontas Athlonnaíochta um Chúram Leanaí Pobail** (CSSR), an **Beart um Rochtain agus Cuimsiú** (AIM), clár a chinntíonn gur féidir le leanaí atá faoi mhíchumas rochtain a fháil ar Scéim réamhscoile saor in aisce ECCE agus **Aistear** agus **Síolta** – na creataí náisiúnta cáilíochta agus curaclaim do Luathbhlianta, Scéimeanna Deontais Tuismitheoirí & Lapadán,

Scéimeanna Deontais um Fheighlíocht Leanaí, Sparánachtaí Ciste Foghlaimeora agus scéimeanna Deontais Chaipitil Mionscála mar aon le maoiniú Covid agus tacaíochtaí inbhuanaitheachta a bheith á gcur ar fáil ag Coiste Cúraim Leanaí Chontae Mhaigh Eo.

# BUAICPHOINTÍ 2020

€ Cuireadh tús le tionscadal comhoibritheach Folláine Éire na Sláinte - 0 to 6 bhliain d'aois i dteannta le **Soundworlds, Glúin Cheoil Mhaigh Eo.** Roimh Covid, ghlac 10 réamhscoil páirt sa chlár speisialta seo, clár cruthaitheach ceoil a forbraíodh go speisialta do leanaí réamhscoile, a thacaíonn le féinmhuinín agus féinmheas trí mheán an cheoil.

€ Tacaíochtaí maoinithe a chur ar fáil don earnáil luathbhlianta tríd an **Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Cúraim Leanaí** (TWSCS). Cuireadh maoiniú Inbhuanaitheachta Covid agus Deontais Athoscailte ar fáil. **Tacaíodh le 93 seirbhís.**

€ **Treoir maidir le Rialú Ionfhabhtuithe agus Sláinte Phoiblí** curtha ar fáil do sheirbhísí a d'fhan oscailte chun aire a thabhairt do leanaí oibrithe túslíne.

€ Cuireadh treoir ar fáil do thuismitheoirí, leanaí agus seirbhísí maidir leis an **mBeart um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) trí sheisiúin eolais agus cruinnithe,** clár a bhfuil sé mar aidhm leis a chinntiú gur féidir le leanaí faoi mhíchumas rochtain a fháil ar Scéim réamhscoile saor in aisce ECCE.

€ Cuireadh **Forbairt Ghairmiúil Leanúnach** ar fáil i rith na dianghlasála chun tacú le hoideoirí Luathbhlianta le hábhair cosúil le Sláinte & Folláine, Cleachtas ar Ardchaighdeán agus Spraoi Taobh Amuigh.

€ Cuireadh **Treoir Rialachais** ar fáil do **132** Seirbhís Luathbhlianta.

## FIGIÚIRÍ 2020

Tugadh tacaíodh do **87** seirbhís Luathbhlianta chun cigireachtaí Tusla a ullmhú, déileáil le hiarratais maidir le hathruithe ar imthosca, iarratais chlárúcháin a ullmhú, etc.

Tacaíodh le **137** Seirbhís Luathbhlianta, 11 Sheirbhís do Leanaí ar Aois Scoile agus **71** feighlí leanaí ar fud na chontae i rith phaindéim Covid-19

Tacaíodh le **3,000** leanaí trí scéimeanna náisiúnta maoinithe, oiliúint, meantóireacht agus tionscnaimh cháilíochta.

Tacaíodh le **3,000** leanaí trí scéimeanna náisiúnta maoinithe, oiliúint, meantóireacht agus tionscnaimh cháilíochta.

Eagraíodh **28,067** gníomhaíocht tacaíochta lena n-áirítear seisiúin eolais, cuairteanna ar an láthair, tacaíochtaí oiliúna ags meantóireachta agus ceardlanna duine le duine in 2020.

Cuireadh **€14,400** ar fáil do chúrsaí oiliúna Freagartha Garchabhrach do sholáthraithe Seirbhísí Luathbhlianta.

Ghlac **125** leanbh in **8** réamhscoil páirt i gclár ceoil luathbhlianta Soundworlds.

# COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT MHAIGH EO

**Tá sé mar aidhm ag Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo cur le rannpháirtíocht i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil i measc gach earnáil den phobal trí eolas a roinnt, oideachas agus forbairt agus cur chun feidhme beartas.**



Éascaítear agus comhordaítear cláir ag leibhéal áitiúil atá dírithe ar ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste cosúil le daoine óga atá i mbaol, daoine atá faoi mhíchumas, cailíní sna déaga, mná, mionlaigh eitneacha lena n-áirítear baill de phobal an lucht siúil, daoine scothaosta agus daoine dífhostaithe.

Cuireadh formhór an mhaoinithe ar fáil trí Spórt Éireann, agus tá ról lárnach ag Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo i soláthar gníomhaíochtaí atá sonraithe sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, Plean Náisiúnta Gníomhaíochta Coirp agus Plean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo
2017-2021.

Ainneoin go raibh tionchar ag Covid-19 orainn ar fad leanfaimid ar aghaidh le tús áite a thabhairt do chláir shábháilte a reáchtáil amuigh faoin aer a chuireann ar bhealach suntasach le meabhairshláinte dhearfach gach earnáil dár bpobail. Trí thairbhe a bhaint as maoiniú na gCuntas Díomhaoin, agus trí bheith ag obair i gcomhpháirt le daoine eile, leanfaimid ar aghaidh lenár Moil Spóirt Phobail a fhorbairt agus tacú leo i mBéal Átha hAmhnais agus i mBaile an Róba mar aon lenár moil amuigh faoin aer ag Loch Chaisleán an Bharraigh, i gCaisleán an Bharraigh agus i mBéal an Átha.

### BUAICPHOINTÍ 2020

- Dúshláin gníomhaíochta fisiciúla fhíorúla **Covid- 19 #BeActive**, acmhainní ar líne agus an **Lá Náisiúnta #BeActive Day** ar an Domhnach an 29 Meitheamh, ar raibh na mílte duine páirteach iontu i mí Meithimh 2021, agus bronnadh dearbháin do threalamh spóirt mar dhuaiseanna.
- Reáchtáladh ár gclár gníomhaíochta fisiciúla amuigh faoin aer idir Aibreán agus Meán Fómhair, agus eagraíodh cláir cosúil le **Siúil le Maidí Siúil do Dhaoine Scothaosta** (Béal Átha hAmhnais, Cnoc Mhuire, Cathair na Mart agus Baile an Róba), **Snámh san Uisce Oscailte** (Acaill, Béal an Mhuirthead, Cill Ala, Pontún) **Mná ag Canúáil ar an Uisce** (Loch Chaisleán an Bharraigh) agus **ár gCampa Trí-atlain Sóisir** (Trá na Beartraí/Cathair na Mart) agus cláir eile nach iad.
- Chomhordaigh ár nOifigeach um Ionchuimsiú Spóirt imeachtaí **Surfáil** do leanaí le huathachas, **Treodóireacht Ionchuimsitheach** agus **Foghlaim chun Rothaíochta** a eagraíodh mar chuid den dara **Campa Uathachais a reáchtáladh i Maigh Eo.**
- Bronnadh CARA, an comhlacht náisiúnta um Ionchuimsiú Spóirt, **Gradam Náisiúnta Ionchuimsithe Spóirt** ar Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo.
- Tacaíodh le **Glao Pobail Chontae Covid-19** trí oibriú le clubanna spóirt chun oibrithe deonacha a chur ar fáil chun earraí siopadóireachta/cógais a chur ar fáil do dhaoine leochaileacha sa phobal.
- Ghlac **Moil Spóirt Phobail** i m**Baile an Róba** agus **Béal Átha hAmhnais** páirt in imeachtaí ar leith cosúil le tionscnamh dar teideal **Athchúrsáil do Rothar,** tionscnamh a chuaigh chun tairbhe leanaí atá ina gcónaí i Soláthar Díreach.

### FIGIÚIRÍ 2020

**Ghlac 19,500+**

duine páirt i **90** clár a bhí á gcur ar fáil go háitiúil in 2020, sin méadú **50%** i gcomparáid le leibhéil 2019 mar gheall ar sholáthar rathúil fíorúil clár lena n-áirítear ***Men on the Move, Couch 2 5K*** agus dúshláin siúil, rite agus rothaíochta lena n-áirítear ***Run Up to Christmas.***

**Ghlac 500**

rannpháirtí páirt in 20 imeacht fisiciúil agus fíorúil chun comóradh a dhéanamh ar **Sheachtain na Rothar 2020.**

**Reáchtáladh 40**

**imeacht** fisiciúil agus fíorúil lena n-áirítear siúl, cadhcáil, treodóireacht, snámh le haghaidh míle agus reáchtáladh Dúshlán Mhór Maigh Eo i rith **Sheachtain Eorpach an Spóirt** i mí Mheán Fómhair 2020.

**Roinneadh €147,000**

de **Mhaoiniú na gCuntas Díomhaoin** idir Mol Spóirt Bhaile an Róba, Tionscnamh Eachtraíochta Uirbí Chaisleán an Bharraigh ag Loch Chaisleán an Bharraigh. Tionscnamh Eachtraíochta Uirbí Bhéal an Átha, Tacaíochtaí Deonacha, soláthar Trealaimh Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Tionscnaimh Ceannaireachta Óige.

**Ghlac 1500**

rannpháirtí páirt in **Operation Transformation** Mhaigh Eo, ainneoin nach raibh an aimsir go maith, ar an Satharn an 18 Eanáir, agus eagraíodh imeachtaí in 25 ionad ar fud Mhaigh Eo, idir Béal an Mhuirthead agus Sruthair agus idir Acaill agus Béal Átha hAmhnais.

**46%**

Léiríodh i **Monatóir Taighde Spóirt Éireann** a foilsíodh i Meán Fómhair 2020 gur mhéadaigh rannpháirtíocht i spórt/gníomhaíocht fhisiciúil i Maigh Eo ó 43% in 2019 go dtí 46% in 2020.

**Ghlac 1200+**

páirt sa **Mhionmharatón Fíorúil *10K Your Way*** i rith Dheireadh Seachtaine Saoire Bainc Mhí na Bealtaine. Reáchtáladh an t-imeacht seo ar bhonn sealadach seachas Mionmharatón Ban Iarthar na hÉireann 2020.

**Leithdháileadh €75,000**

ar **80** club/grúpa spóirt trí **Scéim Deontas Beag Chlubanna Spóirt COVID19**, a bhí á maoiniú ag an Rialtas Láir agus ag Spórt Éireann.

PLEANÁIL, POBAL & FORBAIRT GHEILLEAGRACH

# OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL

**Ó bunaíodh é in 2014, tá iarracht déanta ag Oifig Fiontair Áitiúil Mhaigh Eo a chinntiú go mbíonn rath ar mhicrifhiontair agus ar sheirbhísí gnó beaga trí thairbhe a bhaint as ionchur áitiúil suntasach laistigh de chreat beartais náisiúnta micrifhiontair. Tá Oifigí Fiontair Áitiúla bunaithe mar phointe fócais d'fhorbairt fiontair agus tá ról lárnach acu i gcultúr fiontar a chothabháil go háitiúil.**



**Tá sé ag feidhmiú mar Ionad Ilfhreastail chun tacaíocht agus seirbhísí a sholáthar chun micreaghnóthaí agus gnóthaí beaga a thosú, a fhás agus a fhorbairt. Lena chois sin, tacaíonn an OFÁ Mhaigh Eo le feasacht agus oibríonn sé ar mhaithe le cultúr fiontraíochta a fhorbairt agus cur le forbairt gheilleagrach ghinearálta Chontae Mhaigh Eo.**

Bhí dúshláin ar leith le sárú ag OFÁ Mhaigh Eo in 2020 mar gheall ar Covid-19, mar aon leis an éiginnteacht a bhain le hidirbheartaíochtaí a d'eascair as Brexit agus ná cuireadh i gcrích go dtí díreach roimh Nollaig 2019. Bhí an dá fhachtóir seo a bhain leis an macraithimpeallacht mar bhonn le méadú suntasach ar líon na ngnóthaí a bhí ag lorg comhairle agus tacaíochta ó OFÁ Mhaigh Eo. D'fhreagair ár bhfoireann don dúshlán seo ar bhealach réamhghníomhach, freagraíodh go héifeachtach don rannpháirtíocht mhéadaithe le cliaint agus cuireadh tacaíochtaí gnó nua agus feabhsaithe ar fáil. Tairgeadh raon tionscnamh chun cabhrú le gnóthaí déileáil leis na dúshláin sin lena n-áirítear:

- Tairgeadh cláir oiliúna, agus leagadh béim ar shreabhadh airgid/trádáil ar líne/trádáil i rith COVID-19 ar líne.
- Mhéadaigh an maoiniú a cuireadh ar fáil do Dhearbháin Trádála Ar Líne ó 50% go dtí 90%.
- Tarscaoileadh an ghné in-aisíoctha de na deontais airgeadais.
- Eisíodh moratóir ar aisíocaíochtaí deontais.
- Rolladh amach Scéim Leanúnachais Gnó na nDearbhán.
- Lorgaíodh cúnaimh deontais bhreise do ghnóthaí agus cuireadh an cúnamh sin ar fáil.
- Rolladh amach Scéim Cúnaimh In-Aisíoctha Spreagtha Cliaint LEO.
- Soláthraíodh Scéim Cúnaimh Micrifhiontair Covid-19.

## BUAICPHOINTÍ 2020

€ D'fhreastail 4 chliaint de chuid OFÁ Mhaigh Eo ar **Taispeántas 2020** a reáchtáladh idir an 19 agus 22 Eanáir san RDS agus rinneadh iarracht díolacháin nua agus comhpháirtithe nua a aimsiú don bhliain amach romhainn. Soláthraíonn **Taispeántas** rochtain do bhreis is 2,700 ceannaitheoir ar mhiondíoltóirí as ar fud an domhain.

€ Reáchtáladh an séú **Seachtain Fiontair Áitiúil** idir an 2 agus an 6 Márta, agus reáchtáladh 11 imeacht i rith na seachtaine lena n-áirítear: Clinicí Comhairleacha agus Comhairle Ghnó Brexit agus ceardlanna maidir le forbairt suímh gréasáin, táirgiúlacht a fheabhsú agus seisiúin eolais/líonraithe maidir le hAcmhainn Nuálaíochta do Ghnó a Fhorbairt.

€ Ghlac breis is 1,000 mac léinn ó scoileanna iar-bhunoideachais ar fud Mhaigh Eo páirt i gCraobhchomórtais an Chontae **Chlár Fiontair an Mac Léinn 2019/2020** a reáchtáladh ar an 12 Márta in Óstán Breaffy. Bronnadh an chéad duais i gcatagóir na sinsear ar Alice Gilvarry, Rebecca Maguire agus Aoife McGrath ó ***Beeing Natural***, **Coláiste Phádraig, *Lacken Cross***.

€ Seoladh **Straitéis Bia agus Dí 2020-2025 Mhaigh Eo** i mí Mheán Fómhair mar chuid de **Sheachtain Smaointe Mhaigh Eo 2020**. D'eascair an Straitéis seo as comhoibriú idir Cuideachta Forbartha Iardheisceart Mhaigh Eo agus Oifig Fiontair Áitiúil Mhaigh Eo trí thairbhe a bhaint as tacaíocht a fuarthas ó Choiste Stiúrtha a bhfuil príomhghníomhaireachtaí agus ionadaithe ó earnáil Bia agus Dí Mhaigh Eo páirteach ann.

€ Reáchtáladh **Clinicí Comhairleacha Brexit** lena n-áirítear **Ceardlanna Custam** i rith 2020. Sholáthair siad seo tacaíocht do chuideachtaí a bhfuil gníomh láithreach á dhéanamh acu chun déileáil le Brexit trína gcumas i dtrí phríomhréimse a fheabhsú: bainistíocht airgeadais agus airgeadra, foinsiú agus iompar agus lóistíocht.

## FIGIÚIRÍ 2020

### Roghnaíodh 288

gnó chun **Dearbháin Leanúnachais Gnó** luach **€424,045** a chur ar fáil dóibh.

### Bhain 579

cliant tairbhe as **seirbhísí meantóireachta saor in aisce**.

### Ghlac 1,859

cliant páirt i gclár oiliúna agus in imeachtaí líonraithe fóirdheontais.

### 20

iarratas chuig *Microfinance Ireland* éascaithe ag OFÁ **Mhaigh Eo.**

### Ghlac 10

gcuideachta i Maigh Eo páirt i **mBarainneacht do Mhicreamheasúnú** a reáchtáil **Saineolaí Barainn.**

### Leithdháileadh €769,438

de Dheontais Chaipitil (lena n-áirítar ***Agile Innovation*** faofa le haghaidh cliantghnólachtaí.

### Fuair 52

gnó maoiniú luach **€252,692** faoin **Scéim Spreagtha Cliaint.**

### Ceadaíodh 438

Dearbhán Trádála Ar Líne a raibh luach **€1,016,854.32** luaite leo.

### Reáchtáladh 11

imeacht d'fhiontraithe nua agus reatha i rith **Sheachtain Fiontair Áitiúil 2020.**

### Ghlac 21

scoil as ar fud Chontae Mhaigh Eo páirt i **gClár Fiontraíochta na Mac Léinn.**

# INFHEISTÍOCHT

Tacaíonn infheistíocht le forbairt gheilleagrach fhoriomlán Chontae Mhaigh Eo agus soláthraíonn sé tionscnaimh nuálacha a thugann léargas straitéiseach ar Mhaigh Eo mar rogha cinn scríbe do ghnóthaí agus d'infheisteoirí.




### Maigh Eo 2040, Straitéis Forbartha Geilleagraí don chontae

Chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo tús leis an obair a bhain le **Maigh Eo 2040** a fhorbairt, Straitéis Forbartha Geilleagraí don chontae in 2020. Sa straitéis sainmhíneofar fís gheilleagrach uaillmhianach a bheidh mar bhonn le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus fhisiciúil Mhaigh Eo as seo go ceann 20 bliain trí thairbhe a bhaint as buntáistí geilleagracha agus bonneagar forbartha geilleagraí an chontae.

Chomh maith leis sin, áireofar in **Maigh Eo 2040** Próifíl Gheilleagrach Mhaigh Eo a thacóidh le forbairt na straitéise agus a bheidh mar bhonn le hiarratais éagsúla a dhéanfar amach anseo i ndáil le glaonna maoinithe iomaíocha éagsúla náisiúnta agus réigiúnacha.

### Fóram um Théarnamh Geilleagrach Mhaigh Eo

Bunaíodh **Fóram um Théarnamh Geilleagrach Mhaigh Eo** mar chuid de fhreagairt an chontae don tionchar a bhí ag Covid-19 ar an ngeilleagar.

D'fhorbair an Fóram, comhoibriú idir raon de ghníomhaireachtaí tacaíochta fiontair agus Comhairle Contae Mhaigh plean téarnaimh 12 mhí do Chontae Mhaigh Eo. Áirítear i measc na dtionscnamh atá beartaithe a chuir i gcrích feachtais mhargaíochta spriocdhírithe, maoiniú breise d'oiliúint agus d'fhorbairt líonra, aird an phobail idirnáisiúnta a tharraingt ar tháirgí atá á ndéanamh i Mhaigh Eo trí líonraí diaspóra, claochlú digiteach do ghnóthaí agus tuilleadh forbairt a dhéanamh ar láidreachtaí cianoibre Mhaigh Eo.


### Comharchumann Fuinnimh Chlár Chlainne Mhuiris agus Cheantar an Iarthair

Fuair Comhairle Contae Mhaigh Eo, i gcomhpháirt le Comharchumann Fuinnimh Chlár Chlainne Mhuiris agus Cheantar an Iarthair, Cead Pleanála Chuid 8 chun Feirm Fhótavoltach (PV) Gréine 5 MW a fhorbairt i gClár Chlainne Mhuiris. Láithreán stairiúil líonta talún atá i gcuid den láithreán beartaithe atá faoi úinéireacht Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Cuimsítear i measc na n-oibreacha atá beartaithe an láithreán stairiúil líonta talún a bharrchaidhpeáil agus feirm phobail PV a fhorbairt. I rith 2020, chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo iarratas ar Theastas Údaraithe faoi bhráid an EPA chun cead a fháil an líonadh talún a bharrchaidhpeáil mar chuid den obair ullmhúcháin a bhain leis an bhFeirm Ghrianfhuinnimh agus d'éirigh le Comharchumann Fuinnimh Chlár Chlainne Mhuiris agus Cheantar an Iarthair rochtain a fháil ar an Scéim Tacaíochta do Leictreachas In-athnuaite

### IDEAS - Dearthaí Comhtháthaithe Tógála Núíosacha le haghaidh breis Éifeachtúlachtaí in Ardchórais Fuinnimh In-athnuaite Aeráid-Intiúnáilte

Leanadh ar aghaidh ag obair ar Thionscadal Fhís 2020, IDEAS, a bhí á mhaoiniú ag tionscnamh Fhís 2020 an Aontais Eorpaigh. Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ainmnithe i measc 14 rannpháirtí a fuair €4 mhilliún chun réitigh nua agus níos tíosaí ar fhuinneamh a fhorbairt dár dtimpeallacht thógtha as seo go ceann trí bliana. San áireamh sa tionscadal seo tá teicneolaíochtaí nua a fhorbairt lena n-áirítear córais núíosacha chun grianchumhacht leictreach (PV) a ghiniúint, trí úsáid a bhaint as ábhair le haghaidh taiscthéimh agus ídiú teasa d'fhoirgnimh, teicneolaíocht teaschaidéil a úsáid agus Aip atá éasca le húsáide a fhorbairt chun an córas iomlán a rialú.

### MegaAWE




Leanadh leis na hoibreacha a bhain le saoráid nuálacha tástála gaothfhuinnimh aeriompartha a fhorbairt i dtuaisceart Mhaigh Eo, á mhaoiniú ag tionscadal nua **Iarthuaisceart na hEorpa Interreg** ar a dtugtar **"MegaAWE**".

Tá sé beartaithe ag an tionscadal seo eitleán cumhachta teaghránaithe a chur ag eitilt a thiontaíonn gaothfhuinneamh go leictreachas ar bhealach atá neamhdhíobhálach don timpeallacht. Mar chuid den tionscadal RWE, rinneadh cuideachta fuinnimh ón nGearmáin, iarratas ar chead pleanála i rith na bliana chun an tsaoráid a fhorbairt ar thailte Bhord na Móna in aice le Baingear.

Baineann Córais Gaothfhuinnimh Aeriompartha tairbhe as na gaotha láidre agus seasta ag airde de chúpla céad méadar. Cuimsítear sa chóras atá beartaithe gineadóir ar an talamh, ardán seolta agus talún agus gléas i gcruth aerárthaigh. Cabhraíonn an tionscadal seo chun aird cuideachtaí fuinnimh cosúla a tharraingt ar acmhainní nádúrtha gaoithe iarthar na hÉireann agus tugtar deis do Chontae Mhaigh Eo feidhmiú mar cheannródaí sa réimse Taighde agus Forbartha seo.

### CONAIR GHEILLEAGRACH AN ATLANTAIGH




**Tá sé mar aidhm ag Conair Gheilleagrach an Atlantaigh, príomhthionscnamh de chuid Éire 2040, an réigiún idir Dún na nGall agus Ciarraí a fhorbairt as seo go ceann 20 bliain agus comhar le AEC a fheabhsú chun a sócmhainní a bharrfheabhsú, infheistíocht a mhealladh agus poist agus rathúnas a chruthú sa réigiún.**

**Is iad na príomhpháirtithe leasmhara na 10 n-údarás áitiúla, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD), leasanna gnó, gníomhaireachtaí stáit agus ceannairí pobail.**

**Tá Oifigí AEC ag tacú leis an tionscnamh seo agus is é Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) an comhlacht comhordúcháin.**

#### Príomhfhorbairtí in 2020

- Cuireadh Straitéis AEC agus Straitéis na Mol Fiontair i gcrích in 2020, agus tá siad le seoladh ag an ... Forbartha ... Pobail.
- Táthar ag leanúint le Tionscadal Mhoil Fiontair AEC. Is tionscadal trí bliana atá ann a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le moil agus gréasán pobail idirnasctha mol a bhunú i gceantar an Atlantaigh, agus soláthrófar lárchóras áirithinte, áiseanna margaíochta agus tarraingeofar aird ar chianobair. Tá 16 Mhol Mhaigh Eo cláraithe le WDC.
- Tá DRCD, i gcomhpháirt le WDC agus leis na hÚdaráis Áitiúla i mbun Clár Mol Náisiúnta a mhapáil.
- Scéim For-rochtana Mol AEC: maoiníodh 65 Mol feadh AEC, agus ar an meán cuireadh €4,324.82 ar fáil do gach mol. Riar an tOifigeach AEC ciste Mhaigh Eo luach €27,800 a bronnadh ar 6 Mhol chun cabhrú leo rialacha a bhain le Covid-19 a chomhlíonadh.
- Bhronn DRCD maoiniú ar Oifigigh AEC chun Staidéar Féidearthachta a dhéanamh ar Shuíomh na Mol in 2020 agus cuireadh tús leis an obair a bhain le sraith straitéisí a fhorbairt in 2021.
- Fuarthas maoiniú do thionscadal píolótach dar teideal eHealth sna Nascphointí Leathanbhanda (BCP), agus cuireadh tús leis an obair ar Chliara in 2021.

PLEANÁIL, POBAL & FORBAIRT GHEILLEAGRACH

# TURASÓIREACHT, ÁINSEAS & CONLÁISTÍ

**Táthar ag leanúint ar aghaidh le Straitéis Turasóireachta Chontae Mhaigh Eo dar teideal "Ag Triall ar Mhaigh Eo - Straitéis chun Turasóireacht a Fhorbairt i gCo. Mhaigh Eo 2016 – 2021" a chur chun feidhme.**



Is í an fhís atá luaite le tionscal turasóireachta Mhaigh Eo in 2021 go mbeadh an tionscal ar ardchaighdeán, ionchuimsitheach agus gur ceann scríbe barántúil é Maigh Eo. Gné lárnach den fhís seo is ea go mbeidh tóir ag an gcéad ghlúin eile de thurasóirí ar tháirge turasóireachta Mhaigh Eo, agus díreofar ar an mórmhargadh príomhshrutha agus ar an margadh speisialaithe nideoige trí raon nithe is díol spéise a chur ar fáil mar aon le roghanna gníomhaíochta agus rogha mhaith cóiríochta, seirbhísí fáilteachais agus táirgí seirbhísí coimhdeacha.

Tá ról lárnach ag comhoibriú idir gníomhaireachtaí, oibritheoirí tionscail agus pobail áitiúla i soláthar na físe seo.

Príomhchuspóir atá sonraithe sa Rannóg dar teideal **Forbairt Turasóireachta, Margaíocht agus Líonraí** é Contae Mhaigh Eo a chur chun cinn mar an chéad rogha in intinn cuairteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta trí oibriú i gcomhpháirt lenár gcomhpháirtithe sa tionscal turasóireachta. Mar fhreagairt do Covid-19, tharraingíomar aird ar Mhaigh Eo mar phríomhcheann scríbe do shaoire sa bhaile, agus tharraingíomar aird ar leith ar ghníomhaíochtaí agus ar nithe is díol spéise amuigh faoin aer cosúil le Bealach an Atlantaigh Fhiáin, Glasbhealach an Iarthair, an Cósta, ár nOileáin agus an táirge siúil ar na bealaí seo a leanas:

- Páirt a ghlacadh i gcomhfheachtas margaíochta le Stáisiún Raidió **Midwest** a bhí dírithe ar shaoire lae/saoire sa bhaile.
- Comhoibriú le **Fáilte Éireann** ar fheachtais mhargaíochta a bhí dírithe ar shaoire sa bhaile.
- Turas eolais a eagrú do chuideachtaí léiriúcháin, iriseoirí taistil agus blagálaithe agus tionchairí sóisialta.
- Tacaíodh le forbairt agus le léiriú dhá chlár de chuid RTÉ, **"No Place Like Home"** agus **"Neven Maguire's Irish Sea Food Trails".**

Chomh maith leis sin, tá an Roinn Turasóireachta, Áineasa & Conláistí freagrach as pleanáil agus forbairt tionscadal oibreacha caipitil turasóireachta agus áineasa, lena n-áirítear:

- Anaclann Dúlra agus Tionscadal Athchóirithe **Mhuc-chluana**.
- Mol Eachtraíochta/Turasóireachta Spóirt **Loch Chaisleán an Bharraigh**.
- **Glasbhealach Chuan Mó** (Cathair na Mart/Cluain Cearbán agus Acaill).
- ***Bower's Path***, Baile an Róba.
- Baile Cinn Scríbe Turasóireachta **Bhéal an Mhuirthead**.

### BUAICPHOINTÍ 2020

- D'oibrigh Comhairle Contae Mhaigh i dteannta le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile ar Thionscadal Eorpach faoi **Clár Cheantar an Atlantaigh Interreg.**

Is cuid de **Euro Vélo** é an tionscadal ***Atlantic on Bike*** a bhfuil sé mar aidhm leis feidhmiú mar chéad rotharbhealach trasnáisiúnta do rothaithe feadh an Atlantaigh. Ceann de phríomhtháirgí insoláthartha an tionscadail seo ba ea dhá fhíseán poiblíochta a raibh sé mar aidhm leo aird a tharraingt ar thurasóireacht ghníomhaíochta agus ar an **Glasbhealach** / **Bealach Euro Vélo 1**.

- Forbraíodh carrchlós agus ionad amhairc nua ag Pointe Bhealach an Atlantaigh Fhiáin ag **"Dún na mBó".**
- Suiteáladh clárchosán feadh **Siúlóid Cois Cósta Iorrais** (in uachtar ar dheis).
- Rinneadh forbairt shuntasach ar **Thionscadal Athchóirithe Ghairdín Mhuc-chluana** agus áiseanna do chuairteoirí (in íochtar ar dheis).
- Forbraíodh siúlbhealach nua Cois Cósta ag **Pholl an tSómais** i dTuaisceart Mhaigh Eo.
- Mar fhreagairt do Covid-19, chomhoibrigh Comhairle Contae Mhaigh Eo le **Fáilte Éireann** chun **Tascfhórsa Téarnaimh Cinn Scríbe Turasóireachta** a bhunú.





### FIGIÚIRÍ 2020

## 10

Bhí Glasbhealach Mór an Iarthair ag feidhmiú 10 mbliana in 2020

## Leithdháileadh €32,000

faoi Chiste Rannpháirtíochta na bhFéilte Réigiúnacha ar chúig thionscnóir i rith 2020

## Forbraíodh 3

chiliméadar de rian nua feadh Ghlasbhealach Mór an Iarthair ag Bun na hAbhna in aice le An Mhala Raithní

## AN TAONAD LEATHANBHANDA & FORBARTHA DIGITÍ

**Lean Aonad Leathanbhanda Chomhairle Contae Mhaigh Eo ag obair ar mhaithe le nascacht dhigiteach sa chontae a fheabhsú agus ag cabhrú le rolladh amach Plean Náisiúnta Leathanbhanda i Maigh Eo.**



Níl rochtain ag thart ar 43% d'áitreabh i Maigh Eo ar leathanbhanda ardluais. Tá **€**144m á infheistiú ag an Rialtas i Maigh Eo chun déileáil leis seo.

In 2020 rinneadh suirbhéanna i gCeantair Imlonnaithe (DA) Chaisleán an Bharraigh agus Bhéal an Átha i rith Ráithe 2 agus Ráithe 3 agus tá sé beartaithe tús a chuir le naisc i Ráithe 4 de 2021 (DA Chaisleán an Bharraigh) agus Ráithe 1 de 2022 (DA Bhéal an Átha).

## BUAICPHOINTÍ 2020

- **Nascphointí Leathanbhanda – Pobail Nasctha:** Is tionscnamh bliana a bhaineann leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda é Pobail Nasctha, a sholáthraíonn rochtain Wi-Fi saor in aisce sula bhfaigheann tithe agus gnó seirbhís leathanbhanda ardluais, rud a chuireann ar chumas daoine atá ina gcónaí sa cheantar dul chomh fada le suíomh roghnaithe agus an tseirbhís seo a rochtain chun críche cianoibre, ríomhfhoghlama agus rochtain ghinearálta. Seoladh cúig nascphointe i Maigh Eo in 2020 sna háiteanna seo a leanas - **Both Faonáin**, **Oileán Éadaí**, **Cill Lasrach**, **Teach Chaoin** agus ar **Chliara**. Beidh grúpa eile de nascphointí beo in 2021.

- Tá moil oibre dhigiteacha á bhforbairt i Maigh Eo, Dún na nGall, Sligeach agus Ros Comáin ag Tionscadal **Digiwest**, tionscadal atá á mhaoiniú ag an gCiste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe. In 2020, athraíodh seanteach cúirte **Bhéal Átha na Muice** go mol oibre digití a osclófar go hoifigiúil in 2021.

- Maoiníonn **Wifi4EU,** tionscnamh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh rochtain Wi-Fi saor in aisce in áiteanna poiblí, cosúil le príomhshráideanna, páirceanna poiblí, músaeim, leabharlanna agus áiteanna poiblí eile. Fuair Comhairle Contae Mhaigh Eo maoiniú comhpháirteach luach €120,000 ón Eoraip agus ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun an tseirbhís seo a rolladh amach i naoi mbailte i gContae Mhaigh Eo. In 2020 seoladh Wifi4EU sna háiteanna seo a leanas - **Béal an Átha**, **Béal an Mhuirthead**, **Crois Mhaoilíona**, **Baile Uí Fhiacháin** agus **Béal Átha na Muice**. Beidh seirbhísí beo ar fáil i mBall, Baile an Róba, Caisleán an Bharraigh agus Clár Chlainne Mhuiris in 2021.



PLEANÁIL, POBAL & FORBAIRT GHEILLEAGRACH

## PLEANÁIL & FORBAIRT

**Próiseálann an Rannóg Bainistíochta Forbartha gach iarratas pleanála do Cho. Mhaigh Eo, lena n-áirítear iarratais ó iarcheantair Chomhairle an Bhaile, Béal an Átha, Caisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart. Tá an béim a bhí á leagan sa Rannóg Bainistíochta Forbartha athraithe ó fheidhm rialaithe pleanála (próiseáil iarratas pleanála) go dtí forbairt gheilleagrach agus táthar ag tacú le forbairt i ngach baile agus ceantar sa Chontae.**



Ainneoin go raibh ar phobal na hÉireann déileáil leis an gcoróinvíreas ag tús 2020, agus leis an tréimhse 'dianghlasála' gan choinne ar fud na tíre, lean an tSeirbhís Phleanála ag feidhmiú mar is iondúil, agus is fianaise ar an méid sin an líon Iarratas Pleanála a rinneadh.

Trí mheascán beart, lena n-áirítear cúraimí a eagrú in ord tosaíochta, cur chun feidhme uainchlár cianoibre/freastal ar an oifig agus reachtaíocht éigeandála bunaithe ag an Rialtas chun freastal ar an lóistíocht a bhaineann le hiarratais a phróiseáil i rith na paindéime, tríd is tríd leanadh ar aghaidh leis an ngnó mar is iondúil in 2020.

## BUAICPHOINTÍ 2020

ϵ **Dréacht-Treoirlínte maidir le Forbairt Ghaothfhuinnimh:** Chomhordaigh agus d'ullmhaigh Rannóg Pleanála Chun Cinn Chomhairle Contae Mhaigh Eo aighneacht na Comhairle i ndáil leis na Dréacht-Treoirlínte Athbhreithnithe maidir le Forbairt Ghaothfhuinnimh (Nollaig 2019) i mí Feabhra 2020.

ϵ **Dréachtchreat Pleanála Mara:** Chomhordaigh agus d'ullmhaigh Rannóg Pleanála Chun Cinn Chomhairle Contae Mhaigh Eo aighneacht na Comhairle i ndáil leis an Dréachtchreat Náisiúnta Pleanála Mara (Samhain 2019) i mí Aibreán 2020.

ϵ **Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo:** Lean an Rannóg Pleanála Chun Cinn leis an obair ullmhúcháin a bhain le Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo agus ullmhaíodh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le hAighneachtaí Réamhdhréachta i mí Meithimh 2020 agus bhreithnigh Baill de Chomhairle Contae Mhaigh Eo an tuarascáil sin i mí Iúil 2020. Chomh maith leis sin, chomhordaigh agus d'ullmhaigh an Rannóg Pleanála Chun Cinn Dréachtphlean Forbartha Contae Mhaigh Eo i mí Dheireadh Fómhair 2020, agus tugadh deis do na Baill é a bhreithniú agus cuireadh an Dréachtphlean os comhair an phobail i mí na Nollag 2020.

## FIGIÚIRÍ 2020

### Cinneadh in 84%

de na hachomhairc a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála go seasamh leis an gcinneadh a bhí déanta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo. As an 31 cinneadh a achomharcadh, d'aisiompaigh an Bord 5 gcinneadh.

### Eisíodh 784

**Cinneadh Cead Pleanála** a thabhairt i rith 2020. Eisíodh 55 Cinneadh Cead Pleanála a Dhiúltú sa tréimhse chéanna.

### 189

Tá níos mó béime leagtha ar an **bpróiseas réamhphleanála** foirmiúil. In 2019, rinneadh 137 iarratas réamhphleanála, ach rinneadh 189 iarratas in 2020.

### Fuarthas 1055

**Iarratas Pleanála** bailí i rith 2020, sin méadú de 48 i gcomparáid le 2019.



# FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA

**Is é príomhfheidhm na Rannóige Forfheidhmithe Pleanála imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin i scríbhinn a fuarthas i ndáil le forbairtí neamhúdaraithe líomhanta de réir Acht um Phleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).**

De bhrí gurb é Comhairle Contae Mhaigh Eo an t-údarás forfheidhmithe pleanála do cheantar riaracháin Cho. Mhaigh Eo, is í an phríomhfheidhm atá againn imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin i scríbhinn, a fuarthas i ndáil le forbairtí neamhúdaraithe líomhanta de réir Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).

Tá achoimre ar ghníomhaíochtaí na Rannóige Forfheidhmithe Pleanála le fáil thíos, ar fianaise é ar mhéadú ar ghníomhaíochtaí forbartha neamhúdaraithe i rith na paindéime, i gcomparáid leis an dá bhliain roimhe sin agus freagairt Chomhairle Contae Mhaigh Eo don mhéid sin.

## Tábla 1: Gníomhaíocht Forfheidhmithe Pleanála idir 2016 agus 2020

| CUR SÍOS AR AN NGNÍOMHAÍOCHT | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| An líon gearán nua | 155 | 129 | 131 | 129 | **151** |
| An líon gearán a réitíodh | 73 | 115 | 83 | Fuair 52 | **89** |
| An líon gearán ar diúltaíodh dóibh | 42 | 41 | 22 | 23 | **29** |
| An líon Litreacha Rabhaidh a eisíodh | 97 | 89 | 89 | 77 | **99** |
| An líon Fógraí Forfheidhmithe eisithe | 9 | 16 | 20 | 5 | **18** |
| An líon comhad curtha ar aghaidh chuig Aturnae na Comhairle Contae | 37 | 42 | 40 | 47 | **51** |
| An líon ionchúiseamh | 0 | 0 | 0 | 0 | **1** |


BINN AN CHARRAGÁIN, IN AICE LE DUMHA LOCHA, CO. MHAIGH EO

# TITHÍOCHT, BÓITHRE & FORBAIRT SEIRBHÍSE

## SA RANNÓG SEO


Tithíocht

Iompar & Sábháilteacht Bóithre

Athbhreithniú Soláthair & Éifeachtúlachta

# TITHÍOCHT

**Bliain ghnóthach eile do Sheirbhís Tithíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo ba ea 2020.** Baineann dúshlán le cóiríocht ar ardchaighdeán, inacmhainne a sholáthar, ach chomh maith leis sin tá deiseanna do Mhaigh Eo agus maoiniú suntasach curtha ar fáil chun réitigh thithíochta a chur ar fáil do dhaoine a dteastaíonn a leithéid uathu. Tá an caighdeán tithíochta atá á chur ar fáil ag Comhairle Contae Mhaigh Eo ar ardchaighdeán agus de réir na gcaighdeán náisiúnta.




Is é misean an Rialtais a chinntiú go bhfuil deis ag gach duine rochtain a fháil ar theach, dá c(h)uid féin nó trí thacaíocht a fháil ón Stát. Tá an Rialtas meáite ar dhul i ngleic leis an nganntanas tithíochta agus leis na fadhbanna atá ag teaghlaigh agus pobail mar gheall air seo.

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ag leanúint ar aghaidh ag obair ar na gníomhaíochtaí atá sonraithe in **Atógáil Éireann – Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine** atá mar bhonn leis an gcóras tithíochta laistigh de Mhaigh Eo.

**Seo a leanas na Príomhréimsí oibre a raibh an tSeirbhís Tithíochta ag díriú orthu in 2020:**

- Clár Caipitil Tithíochta 2016-2021 a sholáthar
- Achoimre ar Mheasúnuithe Tithíochta Sóisialta 2019
- Bainistiú an Chláir Cúnaimh Tithíochta (HAP), na Scéime Cóiríochta Cíosa (RAS) agus na Scéime Léasaithe Shóisialta (SLS)
- Oibriú agus Bainistiú na dtrí Scéim Deontais Tithíochta
- Morgáiste go Cíos
- Riar Scéim na mBloc Coincréite Lochtach
- Athbhreithniú agus forbairt Beartas Tithíochta
- Riar na Scéimeanna Ceannaigh & Athnuaigh agus Deisiúcháin & Léasaithe
- Forbairt agus cur chun feidhme an Tionscnaimh *Housing First*.
- Cur chun feidhme Chlár Cóiríochta an Lucht Siúil 2019-2024
- Iasachtaí Tithíochta Atógáil Éireann
- Bainistiú agus athchóiriú an stoic tithíochta
- Easpa Dídine/Cothabháil Tionóntachtaí

Is é 708 aonad an sprioc atá sonraithe ag Comhairle Contae Mhaigh Eo le haghaidh 2016-2021.

Sa tréimhse idir 2019-2021 tarraingeofar aird ar an **Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe, an Scéim Ceannaigh agus Athnuaigh, Scéim na Láithreán Tréigthe** agus **Scéim na dTithe Folmha**. Ní hamháin go mbeidh cóiríocht á soláthar mar thoradh air seo, cabhrófar le hathnuachan bhailte agus shráidbhailte an Chontae.

Seoladh **VacantHomes.ie** an tairseach gréasáin a bhunaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo thar ceann earnáil an rialtais áitiúil, i mí Lúnasa 2017 chun deis a thabhairt do dhaoine sonraí maidir le réadmhaoin fholamh a logáil go hanaithnid agus údaráis tithíochta a chur ar an eolas, ionas gur féidir leo teagmháil a dhéanamh leis an úinéir lena fháil amach cibé acu an féidir nó nach féidir an réadmhaoin a úsáid le haghaidh tithíocht shóisialta. Tá Oifigeach Tithe Folmha ainmnithe ag gach údarás áitiúil a dhéileálann leis na hiontrálacha a bhaineann le c(h)eantar riaracháin féin. Ag deireadh 2019, bhí níos mó ná 3,478 réadmhaoin ar fud na tíre logáilte ar an suíomh.

D'athlonnaigh 200 duine i gContae Mhaigh Eo faoin **gClár Athlonnaithe Dídeanaithe** suas go dtí deireadh 2020.

Tá an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) deartha chun gach seirbhís tithíochta sóisialta fadtéarmach atá á cur ar fáil ag an Stát a thabhairt le chéile faoi chóras an Údaráis Áitiúil, agus ar an tslí sin tithíocht shóisialta chomhtháite a chur ar fáil faoi aon earnáil amháin. Tá ról lárnach ag HAP i dtithíocht inacmhainne a chur ar fáil do chónaitheoirí Chontae Mhaigh Eo.

**Bhain 2,156 teaghlach tairbhe as RAS agus HAP** faoin 31 Nollaig **2020**

## FIGIÚIRÍ 2020

Faoi **Scéim na mBloc Coincréite Lochtach,** fuarthas **70** iarratas Deontais Céim 1 Deimhniú maidir le hIncháilitheacht in 2020**.** Eisíodh **40** Cead Deontais Céim 1 Deimhniú maidir le hIncháilitheacht i rith na bliana.

Cuireadh tacaíocht ar fáil do **253** teaghlach faoin **gClár Léasaithe** i Maigh Eo suas go dtí deireadh 2020.

Fuarthas 10 n-iarratas **Morgáiste go Cíos** in 2020. Cuireadh clabhsúr le 8 n-iarratas **Morgáiste go Cíos** in 2020. Bhí **13 chás Morgáiste go Cíos** faofa faoi dheireadh 2020.

Síníodh **comhaontuithe léasa le haghaidh 7** n-aonad faoin **Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe** i rith 2020.

Tosaíodh ag bainte úsáide as **59 aonad folamh** an athuair i rith 2020.

In 2020 tugadh **100 cás a bhain le heaspa dídine** faoi deara.

TITHÍOCHT, BÓITHRE & FORBAIRT SEIRBHÍSE

| CLÁR CAIPITIL TITHÍOCHTA 2016-2021 | |
|---|---|
| CÉIM AN TIONSCADAIL | AONAD |
| Críochnaithe (Tógáil, Éadáil, Ceannaigh & Athnuaigh, Léasú, Folamh, Earnáil Dheonach) | 564 |
| Céim Éagsúil (ó Breithmheas go dtí Ar an Láithreán) | 21 |
| IOMLÁN | 774 |

## PLEAN CÓIRÍOCHTA AN LUCHT SIÚIL 2019-2024

I b**Plean Cóiríochta an Lucht Siúil 2019 – 2024** samhlaítear go bhfuil an ceanglas cóiríochta atá measta cothrom le **100** aonad:

- **29** aonad i gCeantar Bardasach Bhéal an Átha
- **30** aonad i gCeantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh
- **36** aonad i gCeantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris / Bhéal Átha na Muice
- **4** aonad i gCeantar Bardasach Chathair na Mart / Bhéal an Mhuirthead

Suas go dtí mhí na Nollag, bhí **28%** de spriocanna **Chlár Cóiríochta don Lucht Siuil 2019-2024** bainte amach. Tá an figiúr seo bunaithe ar gach rogha cóiríochta atá ar fáil do Chomhairle Contae Mhaigh Eo lena n-áirítear folúntais ócáideacha, éadálacha nua, cóiríocht phríobháideach ar cíos bhaineann tairbhe as scéimeanna HAP agus RAS, comhlachtaí tithíochta deonacha, STL etc.



# BÓITHRE - IOMPAR & SÁBHÁILTEACHT

**Soláthraíonn córais iompair bóthair éifeachtúil an bonneagar atá riachtanach chun tacú le forbairt gheilleagrach agus shóisialta réigiúin. Lean Comhairle Contae Mhaigh Eo ag tacú le geilleagar an chontae in 2020 trí ghréasán bóithre an chontae a chothabháil agus a fheabhsú.**



Bhí an Oifig um Dhearadh Bóithre an-ghnóthach i rith 2020. Coimisiúnaíodh an Oifig chun Forleaganacha Cosáin agus Scéimeanna Sábháilteachta do Bhóithre Náisiúnta a dhearadh agus a mhaoirsiú mar aon le go leor tionscadal athailínithe agus athshlánaithe droichid do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla.

## FIGIÚIRÍ 2020

Síníodh conradh luach **€9,980,168** (gan CBL) i ndáil le hAthailíniú an N26 ag Scéim Dhroichead Chluain Gallán

Bhain **44** ball foirne tairbhe as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre in 2020 rud a chiallaigh gur bhain **551** ball foirne tairbhe as an Scéim idir 2010 agus 2020

Caitheadh **€83,942,559** ar 6,615 km de bhóthar a bhfuil Comhairle Contae Mhaigh Eo freagrach as a chothabháil agus a fheabhsú lena n-áirítear:

- €56,685,737 ar Phríomhbhóithre Náisiúnta agus ar Bhóithre den Dara Grád
- €27,256,822 ar Bhóithre Réigiúnacha agus ar Bhóithre den Dara Grád

Mar chuid de Chlár Athshlánúcháin Droichid suntasach a cuireadh i gcrích i rith 2020 athshlánaíodh/feabhsaíodh **10** ndroichead agus tógadh droichead nua ag An Comar, Gleann Aoláin.

Caitheadh **€272,525** ar bhainistiú beart frithsheasmhachta sciorrtha, lena n-áirítear scríobchaitheamh meicniúil agus cóiriú dromchla, i gceantair a mheas Bonneagar Iompair Éireann ar cheart iad a fheabhsú.

Clár suntasach a raibh luach breis is **€6.6 milliún** luaite leis ba ea Clár Forleagain/Inleagain Cosáin 2020

## BUAICPHOINTÍ 2020

- Cuireadh an obair a bhain le dearadh an **R312 /** Bóthair Chaisleán an Bharraigh go Gleann Aoláin i gcrích in 2019 agus fuarthas talamh trí Ordú Ceannaigh Éigeantaigh. Cuireadh tús leis an obair thógála a bhain leis an tionscadal i mí na Samhna 2019 agus Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh a chuir an obair i gcrích trí Shaothar Díreach. Samhlaítear go mbeidh an Scéim críochnaithe agus oscailte don phobal i mí Iúil 2021.
Leithdháileadh maoiniú luach €500,000 ó DTTAS ar an scéim seo in 2020 agus leithdháileadh €850,000 breise in 2021 chun an scéim a chur i gcrích.
- Leithdháileadh €333,174 le haghaidh Scéimeanna Sábháilteachta Ísealchostais in 2020 chun déileáil le láithreáin ina dtarlaíonn go leor timpistí ar na Bóithre Náisiúnta, láithreáin a shainaithin TII.



Gníomhaíochtaí Oibreacha Créafóige do Thionscadal an N5


| FORBAIRT DÉANTA AR THIONSCADAIL PRÍOMHBHÓITHRE NÁISIÚNTA IN 2020 | |
|---|---|
| N5/Cathair na Mart go Turlach (27km) | I ndiaidh conradh a shíniú idir Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Comhfhiontar Wills BAM i mí Dheireadh Fómhair 2019 cuireadh tús leis an obair ar an láithreán i rith 2020. I measc na ngníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích i rith na bliana bhí oifig láithreáin a bhunú, an láithreán a ghlanadh, an bharrithir a bhaint, oibreacha créafóige, draenáil agus saoráidí agus forbraíodh roinnt struchtúr. Táthar ag súil go mbeidh formhór na n-oibreacha curtha i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2022.<br><br>Leanadh ar aghaidh leis an idirbheartaíocht le húinéirí talún agus tá thart ar 5% de na cásanna fós le réiteach. |
| Acomhal N17 & R320 ag An Lios Dubh | Fuarthas Cead Pleanála Chuid 8 don dlúth-acomhal grádroinnte seo i mí Feabhra 2020 agus dheimhnigh Comhairle Contae Mhaigh Eo an CPO i mí Dheireadh Fómhair 2020 tráth ar aistarraingíodh dhá aighneacht a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála.<br><br>Rinneadh Imscrúduithe Talún Mionsonraithe agus Suirbhé Topagrafach. Chomh maith leis sin, leanadh ar aghaidh le dearadh mionsonraithe agus le hullmhú na ndoiciméad conartha agus ba é an aidhm a bhí ann conradh tógála a bhunú i rith Ráithe 1/Ráithe 2 2021. |
| N17 Cnoc Mhuire go Cúil Mhuine | Cuireadh Roghanna Bealaigh Féideartha os comhair an phoiblí i mí Dheireadh Fómhair le haghaidh 55km den tionscadal bóthair seo. Táthar ag súil go roghnófar an rogha bealaigh i Ráithe 4 2021.<br><br>Tá Comhaontú Alt 85 sínithe ag Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Comhairle Contae Shligigh a chiallaíonn go bhfuil ról an phríomhúdaráis ag Comhairle Contae Shligigh agus go bhfuil ról tacaíochta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo. |
| Athailíniú an N26 ag Droichead Chluain Gallán | Cuireadh críoch le soláthar an chonartha tógála trí chonradh idir Comhairle Contae Mhaigh Eo agus BAM Civil Limited a shíniú i mí Dheireadh Fómhair 2020. Is fiú €9,980,168, gan CBL, an conradh. Tá sé beartaithe an obair a chuir i gcrích i mí Iúil 2022.<br><br>Leanadh ar aghaidh leis an idirbheartaíocht le húinéirí talún agus tá thart ar 22 den 24 cás le húinéirí talún réitithe. |
| Seachbhóthar an N26/Béal an Átha Céim I | Rinneadh an breithmheas atá riachtanach do Chéim 0: Raon Feidhme agus Réamh-Bhreithmheas. Chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo Tuarascáil Straitéiseach Mheasúnachta faoi bhráid TII agus na Roinne Iompair chun críche faofa agus má cheadaítear an Tuarascáil leanfar ar aghaidh leis na céimeanna éagsúla den tionscadal. |

| FORBAIRT DÉANTA AR THIONSCADAIL BÓITHRE NÁISIÚNTA DEN DARA GRÁD IN 2020 | |
|---|---|
| N59/Cathair na Mart – An Mhala Raithní (40 km) | Clúdaítear sa tionscadal uileghabhálach seo uasghrádú an N59 idir Cathair na Mart agus An Mhala Raithní a bhfuil sé beartaithe strácí éagsúla de a chríochnú de réir a chéile.<br><br>Tá an stráice 3km den N59 ag Cill Bhríde curtha i gcrích agus chríochnaigh Ward & Burke Construction Limited stráice 2km den N59 ag Cora Ros Abha in 2018.<br><br>Chuir PJ Carey (Conraitheoirí) Limited stráice 3km den N59 ag Cill Mhíona i gcrích i mí Lúnasa 2020. Chomh maith leis sin, rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo obair ar dhearadh mionsonraithe na chéad chéime eile d'uasghrádú an N59 idir Baile Uí Fhiacháin agus Doire Fhada i gcrích. Leagadh crainn, rinneadh oibreacha talún agus seandálaíochta i rith 2020. Táthar ag leanúint ar aghaidh le dearadh mionsonraithe an tionscadail agus le hullmhú na ndoiciméad conartha agus is é an aidhm atá ann go mbeadh conradh tógála á bhronnadh in 2022, faoi réir chead a fháil ó TII.<br><br>Rinneadh dul chun cinn i rith 2020 i ndáil le dearadh mionsonraithe an N59 idir Ros Caoin agus Doire Fhada. |
| N60/Log na Muc (2km) | Cuireadh clabhsúr le gach cás éadála talún.<br><br>Chuir P&D Lydon Limited an obair thógála ar an stráice 1.5km seo den N60 i gcrích i mí na Nollag 2019. Déileáladh le fadhbanna agus rinneadh an tírdhreachú i gcrích in 2020. |
| N60/Cnoc na mBuachalán Theas | Tá formhór na hidirbheartaíochta leis na húinéirí talún curtha i gcrích.<br><br>Cheap Comhairle Contae Mhaigh Eo Roughan & O'Donovan-Aecom Alliance chun an dearadh mionsonraithe a dhéánamh agus chun doiciméid chonartha a ullmhú mar chuid den obair ullmhúcháin sular bronnadh conradh tógála in 2022, faoi réir chead a fháil ó TII. |
| N60/Cros Mhaigh Nulla | Leanadh ar aghaidh le réamhdhearadh agus leis an measúnú timpeallachta don bhealach as líne 4km seo i rith na bliana mar chuid den obair ullmhúcháin a bhain le tús a chur leis na próisis reachtúla in 2021. |

## ATHBHREITHNIÚ SOLÁTHAIR & ÉIFEACHTÚLACHTA

**Éiríonn leis an bhFoireann Athbhreithnithe Soláthair & Éifeachtúlachta athchóiriú suntasach a dhéanamh ar sholáthar poiblí laistigh de Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Is é an aidhm atá againn torthaí níos fearr a bhaint amach don phobal soláthair phoiblí níos ginearálta agus seirbhísí inbhuanaithe, ar ardchaighdeán a sholáthar amach anseo.**

**Sonraítear i gClár an Rialtais raon uaillmhianach gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar poiblí le haghaidh na mblianta amach romhainn, go háirithe i réimse an tsoláthair ghlais agus shóisialta agus digitithe.**




In 2020, ba léir gur éiligh géarchéim sláinte Covid-19 iarracht shuntasach soláthair chun déileáil le riachtanais ár mball foirne féin agus ball den phobal freisin. In 2020 leagadh béim mhór ar thacú le gairmiúlú chleachtas an tsoláthair phoiblí i ngach réimse de Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

Tá cur síos déanta ar ról na hOifige Soláthair i b**Plean Soláthair Chorparáidigh 2019-2021** agus tá an ról seo forbartha ag an bhfoireann agus tá luach breise ar airgead cinntithe mar aon le héifeachtúlachtaí breise trí chreataí soláthair coiteanna, gairmiúlacht mhéadaithe agus úsáid nuálach a bhaint as teicneolaíocht.

Tá soláthar laistigh den eagraíocht díláraithe, agus tá ceannaitheoirí i ngach réimse den chomhairle, agus tá formhór an tsoláthair á reáchtáil trí úsáid a bhaint as dhá thairseach soláthair leictreonacha; **www.ETenders.gov.ie** agus **www.SupplyGov.ie**

Tionscnamh suntasach atá le cur i gcrích in 2020 é clár oiliúna píolótach a fhorbairt ó Acadamh Scileanna Tráchtála nua tríd an Oifig um Sholáthar Rialtais a sholáthróidh tacaíocht phraiticiúil do bhaill foirne atá i mbun tionscadal tógála.

Réimse eile a raibh béim á leagan air ba ea gur leanadh ar aghaidh ag tacú le níos mó úsáide a bhaint as breithniúcháin timpeallachta agus shóisialta i ndáil le soláthar ag féachaint go sonrach do Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019.



## BUAICPHOINTÍ 2020

€ Tarraingíodh aird ar chlár leanúnach oiliúna agus tacaíochta atá á reáchtáil ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) chun cabhrú le **Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna)** páirt a ghlacadh i gcomórtais soláthair phoiblí.

€ Fógraíodh tairiscintí tríd an **gClár Iarfheistithe Fuinnimh** do stoc tithíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

€ Áiríodh i measc na gconarthaí nua a bronnadh conradh do Threalamh Cosanta Pearsanta (PPE) ar **Portwest,** conradh le haghaidh Táirgí Feighlithe ar **Bunzl** agus conradh stáiseanóireachta nua ar **Office Depot.**

€ Tá aitheantas á thabhairt do **dhintiúir ghlasa** anois i dtairiscintí poiblí do fhruiliú feithiclí, aitheantas atá cothrom le 30% de na marcanna bronnta.

€ Leanadh ar aghaidh le comhairle agus treoir a sholáthar i ndáil le réimsí éagsúla lena n-áirítear **Brexit**, breithniúcháin shóisialta agus **Soláthar Poiblí Glas.**

€ Rolladh amach tionscnaimh chun tacú le soláthar an **Phlean Forbartha Náisiúnta** lena n-áirítear athbhreithniú ar an **gCreat Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla** agus bhunaigh OGP **Acadamh Scileanna Tráchtála.**

€ Ceannaíodh feithiclí nua do rannóga nua de Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

## FIGIÚIRÍ 2020

### Caitheadh €5.5 milliún

ar fhruiliú Innealra & Gléasra seiceáilte agus faireachán déanta chun críche comhlíonta

### 50

comórtas tairisceana fógartha, measúnaithe agus bronnta le haghaidh oibreacha, earraí agus seirbhísí

### Foilsíodh 343

comórtas trí chreataí reatha le haghaidh earraí, seirbhísí agus iarfheistiú tithíochta ar **SupplyGov**.ie



CADHCÓIR AG *INKSKEA ISLANDS*

# SEIRBHÍSÍ UISCE, TIMPEALLACHT, ATHRÚ AERÁIDE & SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

## SA RANNÓG SEO

Uisce Tuaithe

Timpeallacht, Athrú Aeráide agus Talmhaíocht

Seirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo

Seirbhís Dóiteáin Réigiún an Iarthair

Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo

Sábháilteacht Uisce



## UISCE TUAITHE

**Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo, faoi Rialacháin na hEorpa maidir le hUisce Óil 2014, an tÚdarás Maoirseachta do gach Soláthraí Uisce Príobháideach i gCo. Mhaigh Eo.**

**Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo freagrach as an gClár Uisce Tuaithe i gCo. Mhaigh Eo a riar, atá á mhaoiniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus tá an Chomhairle tiomanta do bheith ag obair le pobail agus is é an aidhm atá ann a chinntiú go mbeidh scéimeanna inmharthana ó thaobh an gheilleagair de agus inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de.**

**Tá 212 scéim bunaithe i gCo. Mhaigh Eo atá ag freastal ar bhreis is 18,000 teaghlach agus gnó.**

Ba é 2020 an dara bliain ina raibh an Creat Maoinithe Ilbhliantúil nua 2019 – 2021 á réachtáil, arb é an cuspóir atá luaite leis cinnteacht a sholáthar i ndáil le hinfheistíocht tosaíochta;

- Tacú le cur chun feidhme forbairt inbhuanaithe i gceantair thuaithe
- Ceanglais na Rialachán maidir le hUisce Óil a chomhlíonadh
- Tacú le cuspóirí an Phlean Bainistíochta Abhantraí

I mí Dheireadh Fómhair 2019, fuaireamar ár leithdháiltí ó DHLGH (An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta) faoi MARWP nua 2019 – 2021. Leithdháileadh €50 milliún ar an gClár ag leibhéal náisiúnta agus leithdháileadh €15.513 milliún de seo ar Mhaigh Eo. Caithfear an leithdháileadh seo ar bhreis is 50 tionscadal a rachaidh chun tairbhe breis is 70 Grúpscéim Uisce i Maigh Eo. Chomh maith leis sin, d'aontaigh DHLGH i bprionsabal Nasc Uisce Phobail nua a mhaoiniú chun freastal ar thart ar 600 teaghlach i gceantar Mhuraisce/Leic Ainimhe/Choill Salach de Mhaigh Eo.

### BUAICPHOINTÍ 2020

- Conradh Bhaisc 1A DBO, cuireadh oibreacha ionaid chóireála planda i gcrích in 2019. In 2020 chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo iarratas faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le 13 ghrúpscéim uisce 1A DBO atá le baint de Liosta Gníomhaíochtaí Ceartaitheacha DHLGH.

- Ceapadh Innealtóirí Comhairleacha chun déileáil le GWS Bhaile Chruaich agus GWS Ghleann Hoiste agus chun síntí ar Phríomhlíonra Iontógála Amhuisce na scéime a Dhearadh agus a Sholáthar a bheidh mar bhonn le riosca éillithe ón aon oibreacha foraoiseachta a dhéanfar amach anseo a laghdú.

- Innealtóirí Comhairleacha ceaptha agus tús curtha leis an gcéim dearaidh do GWS Choill an Turlaigh, GWS an Tuairín/Achadh Mór agus GWS an Treana Láir chun uasghrádú a dhéanamh ar a gcórais chóireála reatha chun bacainn chuí chripteaspóiridiam a shuiteáil. Táthar ag leanúint leis an idirbheartaíocht le GWS Áth Tí an Mheasaigh, GWS Dhoire Bhoithe agus GWS Róibín maidir le roghanna beartaithe do sholáthairtí uisce malartacha.

- Tá oibreacha curtha i gcrích ar 7 scéim agus tá sé beartaithe seilbh a ghlacadh orthu in 2021. Tá oibreacha á gcur i gcrích ar 10 scéim sula mbeidh siad réidh le tógáil i gcúram ag Uisce Éireann.

Cuireadh tús leis an obair a bhain leis na céimeanna dearaidh agus tógála de na conarthaí uasghrádaithe do GWS an Bhaile Ghaelaigh, GWS Dhroim Síon/an Bhaile Nua, GWS Bhearna Chearúill, GWS *Loughnamon* agus GWS Chluain Mór / *Cloonlavish* chun cur ar chumas na scéimeanna seo nascadh leis an líonra uisce phoiblí agus cead a thabhairt d'Uisce Éireann iad a Thógáil i gCúram.

- Táthar ag leanúint ar aghaidh le béim shuntasach a leagan ar sceitheadh agus diomailt uisce, agus tá comhairle á cur ag Innealtóir um Chaomhnú Uisce Tuaithe ar scéimeanna maidir le conas sceitheadh a laghdú agus tá cabhair á tabhairt le mionoibreacha a chabhraíonn leis an Oifig um Uisce Tuaithe tús áite a thabhairt do thionscadail chaipitil amach anseo. Bhain breis is 11 Scéim tairbhe as an bpróiseas seo in 2020. Sa chás go bhfuil bille uisce ard faighte ag GWS poiblí mar gheall ar sceitheadh, cuireann an Rannóg um Uisce Tuaithe tuarascáil i dtoll a chéile a chuirtear faoi bhráid IW chun creidmheas sceite a lorg. Déantar cur síos sa tuarascáil ar na hoibreacha atá curtha i gcrích ag an Scéim chun a leibhéil uisce gan tásc (UFW) a laghdú. Tarraingítear aird ar an laghdú ar UFW rud a léiríonn go bhfuil an Scéim á bainistiú agus á cothabháil go cuí. D'éirigh thar cionn leis an Rannóg Uisce Tuaithe creidmheasanna sceite a fháil trí úsáid a bhaint as an bpróiseas seo.

- Tá comhairleoirí ceaptha do CWC *Clearagh*, CWC an Aonaigh Bhig, CWC Cheann Dhún Pádraig agus CWC Mhuraisce. Cuireadh tús leis an gcéim dearaidh a bhfuil sé mar aidhm léi soláthairtí uisce óil nua a chur ar fáil do na pobail seo.
- Cuireadh tus le hoibreacha a bhain le huasghráduithe GWS an Droma/ an Gheata Mhóir agus ar GWS Choill an Turlaigh.

### FIGIÚIRÍ 2020

**Infheistiodh €15,513,000**

sa **Chlár Uisce Tuaithe** i Maigh Eo in 2020 ó bhuiséad náisiúnta luach €50 milliún.

**3**

Ghlac Uisce Éireann freagracht as Grúpscéimeanna Uisce in 2020. In 2020 forbraíodh 8 Scéim eile a bheadh réidh chun seilbh a ghlacadh orthu in 2019.

**8,000**

Cheap GWS Chill Lasrach Innealtóir Comhairleach chun an conradh uasghrádaithe chun thart ar 8,000m den phríomhlíonra uisce a ullmhú agus a bhainistiú.

**520**

Bailíodh thart ar 520 sampla uisce i rith 2020.

**7**

Íocadh 7 bhfóirdheontas **Deontas Tobair** luach €10,422.

**78**

Cuireadh oibreacha i gcrích ar Ghrúpscéim Uisce nua i g**Cill Mhuire** a bheidh ag freastal ar 78 teaghlach.

**23**

Leanadh ar aghaidh leis an gcéim dearaidh a bhain le huasghráduithe ionaid chóireála Ghrúpscéimeanna Uisce Bhaisc 2 DBO Mhaigh Eo agus é mar aidhm déileáil leis na sáruithe THM a tugadh faoi deara. Chuir an t-oibritheoir DBO réamhthuarascáil dearaidh ar fáil don 10 scéim. Mar thoradh ar chonarthaí uasghrádaithe DBO beidh soláthar uisce ag an 23 Grúpscéim Uisce a bhfuil na Rialacháin maidir le hUisce Óil á gcomhlíonadh acu.

**600**

D'aontaigh DHPLG i bprionsabal Nasc Uisce Phobail nua a mhaoiniú chun freastal ar thart ar 600 teaghlach i gceantar Mhuraisce/Leic Ainimhe/Choill Salach.

**€4.9 milliún**

Íocadh fóirdheontais luach 4.9 milliún, curtha ar fáil do chostais oibriúcháin na scéimeanna, le 89 scéim a rinne iarratas.

## TIMPEALLACHT, AN TATHRÚ AERÁIDE & TALMHAÍOCHT

**Fianaise ar an athrú a bhí ag teacht ar thosaíochtaí náisiúnta ba ea an dá phríomhghné a raibh an roinn ag díriú orthu in 2019 - béim a bheith á leagan ar dhlús a chur faoi ghníomhú ar son na haeráide agus aitheantas a thabhairt do ról na talmhaíochta.**

**Tugadh cúnamh do agus tacaíodh leis an gCoiste Beartais Straitéisigh um Phleanáil, Timpeallacht agus Talmhaíocht agus leis an Meitheal Talmhaíochta, agus lean an Roinn ar aghaidh ag tacú le comhtháthú eolais agus peirspictíochtaí ó raon leathan páirtithe leasmhara.**

**Ba é an aidhm a bhí tosaíochta straitéisí nua maidir le talmhaíocht agus athrú aeráide, tuilte agus pleanáil éigeandála i gcás tuilte a chruthú.**



Tá gá le timpeallacht ar ardchaighdeán chun caighdeán beatha maith a chinntiú agus chomh maith leis sin is gné lárnach d'fhorbairt inbhuanaithe atá ann. Leagann Comhairle Contae Mhaigh Eo béim ar leith ar fheasacht ar an timpeallacht a fheabhsú agus tacú le hathruithe iompraíochta chun an caighdeán sin a chothabháil.

Ar aon dul leis an obair maidir leis an athrú aeráide atá á déanamh ag an Roinn, tá de chúram ar an bhFoireann Chomhshaoil, Athraithe Aeráide & Talmhaíochta reachtaíocht timpeallachta a fhorfheidhmiú, treoracha agus rialacháin an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme, beartais náisiúnta agus réigiúnacha agus cur le tuiscint an phobail ar cheisteanna a bhaineann leis an timpeallacht.

**SEO A LEANAS AN DÁ GHNÉ A SAINAITHNÍODH SNA PLEANANNA NÁISIÚNTA CHUN DÉILEÁIL LEIS AN ATHRÚ AERÁIDE:**
**MAOLÚ: Astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú agus linnte carbóin a fheabhsú**
**OIRIÚNÚ: Dul in oiriúint do thionchair iarbhír agus ionchais an Athraithe Aeráide, tionchair dhearfacha agus dhiúltacha**

### BUAICPHOINTÍ 2020

- Mhaoinigh an **Deontas Pobail Fuinnimh Níos Fearr** oibreacha a cuireadh i gcrích i bhfoirgnimh éagsúla de chuid na comhairle lena n-áirítear uasghráduithe soilsithe agus inslithe agus suiteáil PV agus EV, rud a bhí mar bhonn le laghdú 45,000kg de $CO_2$ agus coigilteas bliantúil luach €20,000.
- Suiteáladh stáisiún um **Fhaireachán an Aeir Chomhthimpeallaigh** i mBéal an Átha a chiallaigh go raibh trí stáisiún faireacháin sa chontae (Clár Chlainne Mhuiris agus Caisleán an Bharraigh) agus feabhsaíodh an Clár Náisiúnta um Fhaireachán an Aeir.
- Reáchtáladh ceardlanna maidir le **Cosc agus Bainistiú Dramhaíola** i gCoill an Bhaile, An Clochar agus Conga. Reáchtáladh tuilleadh ceardlann ar líne níos déanaí in 2020.
- I mí Eanáir 2020 shínigh ár bPríomhfheidhmeannach **Cairt um Ghníomhú ar son na hAeráide** a leabaigh dícharbónú, forbairt inbhuanaithe agus athléimneacht aeráide i ngach gné d'obair Chomhairle Contae Mhaigh Eo.
- Tugadh le fios i **Ráiteas Fuinnimh Bhliantúil na hEarnála Poiblí SEAI** 2019, a foilsíodh ag deireadh 2020, go raibh astaíochtaí fuinnimh laghdaithe 29.3% ag an gComhairle i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne 2009 agus gur dócha go mbeidh an Chomhairle in ann a sprioc laghdaithe fuinnimh 33% a chomhlíonadh faoin mbliain 2020.
- Ghlac an Clár LIFE le **nóta coincheapa thionscadal LIFE do Loch Ceara**. Déanfaidh Comhairle Contae Mhaigh Eo Iarratas LIFE iomlán i Ráithe 1 i gcomhpháirt le Cumann Dobharcheantair Loch Ceara agus páirtithe leasmhara eile. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal gnáthóga agus speicis ghanna agus ainmnithe Loch Ceara a chaomhnú agus a chinntiú go mbeidh siad á gcaomhnú amach anseo.
- Cuireadh Pleananna Feidhmithe i gcrích do gach gníomhaíocht de **Mhaigh Eo don Athrú Aeráide,** ár bPlean um Oiriúnú don Athrú Aeráide.

### FIGIÚIRÍ 2020

**Thug 67,000+**

custaiméir cuairt ar Ionaid Fóntas Poiblí ag Doire an Iomaire agus Ráth Ruaín, ionaid a bhí oscailte i rith na srianta sláinte poiblí. 672 tona de ghlanadh sráide cóireáilte ag Ráth Ruaín, rud ba chúis leis na táillí dramhaíola gaolmhara a laghdú thart ar €100,000.

**Iniúchadh déanta ar 108**

Córas Cóireála Fuíolluisce Teaghlaigh (DWWTS).

**11**

Trá Brataí Goirme sa chontae i agus 6 Ghradam Cósta Glas. Rinneadh faireachán ar **29** láthair shnámha i rith an tséasúir shnámha.

**Athnuadh Brait Ghlasa 39**

scoil.

## Baineadh 54

láithreán de Chlár na Láithreán Tréigthe in 2020.

- Reáchtáladh go leor feachtas feasachta maidir leis an timpeallacht i rith 2020 a raibh sé mar aidhm leo cur le feasacht ar an timpeallacht agus naisc láidre a bhunú le pobail ar fud Mhaigh Eo, lena n-áirítear **Clár na Scoileanna**, na feachtais **Umar Óla** agus **Salú ag Madraí**, agus **Úsáid shábháilte a bhaint as Lotnaidicídí, an Mhí Athúsáide** agus **Maireachtáil Níos Glaise/Garraíodóireacht Níos Glaise**.
- Cuireadh cosc ar **Ghual Toiteach** i m**Béal an Átha** agus i g**Caisleán an Bharraigh** ar an 1 Mheán Fómhair 2020, agus reáchtáladh feachtais feasachta i rith mhíonna an gheimhridh.
- **Leanadh le Pointí Athlíonta Uisce** a chur ar fáil in Ionaid Fóillíochta Bhéal an Átha, Chaisleán an Bharraigh agus Chathair na Mart agus i meánscoileanna.
- Tá an **Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO - Bord Farraige Thuaidh an Atlantaigh),** lonnaithe i gComhairle Contae Mhaigh Eo, Oifig a thacaíonn agus a chomhordaíonn gníomhaíochtaí ar son na haeráide don 5 údarás áitiúla sa réigiún. Taifeadann **CARO Wire App,** a forbraíodh i gcomhpháirt le Comhairle Contae Mhaigh Eo chun cabhrú le húdaráis áitiúla tionchair na dteagmhas aeráide a thaifeadadh trí úsáid a bhaint as amharcóir mapaí agus uirlis tuairiscithe GIS, agus bronnadh an **Gradam Nuálaíochta** ar an Aip seo ag Gradaim Rialtais Áitiúil Chomhlachais Éireann 2020. Bhí ról lárnach ag an oifig i bhforbairt shuíomh gréasáin **www.caro.ie** , mol eolais faoi bheartas ghníomhú ar son na haeráide, nuashonruithe, acmhainní agus cás-staidéir mar aon le ról lárnach i ndréachtú straitéis an údaráis áitiúil, '**Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide 2030'.**
- Aighneacht déanta i ndáil leis an doiciméad comhairliúcháin phoiblí dar teideal **Saincheisteanna Suntasacha Bainistíochta Uisce in Éirinn**, a thugann deis d'údaráis áitiúla aird a tharraingt ar shaincheisteanna a bhí le réiteach nuair a bhíonn an Plean Bainistíochta Abhantraí á chur chun feidhme, agus rinneadh tograí chun cabhrú le spriocanna na Creat-treorach Uisce a chomhlíonadh.
In 2020 cuireadh tús le hullmhú an chéad **Phlean Bainistíochta Abhantraí** eile.
- Cuireadh an **clár Faireacháin Aibhneacha agus Lochanna** is mó in Éirinn i gcrích, rinneadh faireachán ar 49 abhainn, 21 loch agus 29 láthair shnámha ar fud an chontae.

## Bailíodh 78

tona de dhramh-earraí leictreacha agus cadhnraí ag imeachtaí athchúrsála in Acaill, Béal an Mhuirthead, Béal Átha hAmhnais agus Clár Chlainne Mhuiris.

## Rinneadh 400+

gnáthchigireacht dramhaíola. Rinneadh níos mó ná **1,000** cigireacht neamhghnáthaimh mar thoradh ar ghearáin a rinneadh. Eisíodh **11** Cead Dramhaíola nua in 2020.

## Chláraigh agus ghlac 179

grúpa páirt i nGlantachán Náisiúnta an Earraigh.

## Bailíodh 1300+

sampla cáilíochta uisce ónár gcuid aibhneacha, lochanna agus láithreacha snámha.

## Rinneadh 9

dtionscadal a raibh breis is €130,000 de mhaoiniú deontais don **Tionscnamh Frithdhumpála** ar fáil lena n-aghaidh lena n-áirítear 9 x 40ft trucail de dhramhaíl théagartha bailithe ag lá maithiúnais a reáchtáladh i gCnoc Mhuire, baineann seancharranna de d'Inis Bigil, glanadh roinnt láithreán dumpála agus ceannaíodh drón chun críocha forfheidhmithe.

# AN ROINN TRÉIDLIACHTA

**Tá an Roinn Tréidliachta dírithe ar dhá réimse ar leith, Sábháilteacht Bia agus Seirbhís Maorachta Madraí.**




Cuirtear an obair seo i gcrích faoi Chonradh Seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI), cuireann an Roinn Tréidliachta Obair Sábháilteachta Bia i gcrích agus leagtar béim ar leith ar shláinteachas agus inrianaitheacht. Trí bheith ag obair i ndlúthchomhar le hOibreoirí Gnóthaí Bia áitiúla chun na caighdeáin is airde de shábháilteacht bia a bhaint amach agus a chothabháil, tá baint ghníomhach ag an Roinn le galair zónóiseacha a chomhrac, i.e. galair atá tarchurtha idir ainmhithe agus daoine, agus tá ról díreach ag an Roinn i ndíbirt Galar Infhógartha.

Tá ocht n-áitreabh faofa beag Déantúsaíochta Feola sa chontae agus sé áitreabh eile cláraithe ar fud an chontae a ndéantar cigireacht agus monatóireacht rialta orthu

Lena chois sin, déanann baill foirne tréidliachta cigireachtaí ante-mortem agus post-mortem ar gach ainmhí mairt sa 13 sheamlas sa chontae, mar aon le maoirseacht ar choinníollacha ginearálta an tsláinteachais oibríochtúil agus struchtúrtha. In 2020, maraíodh **1,169** bó, **10,327** caora agus **7** ngabhar i seamlais i Maigh Eo.

Tá **Seirbhís Rialaithe Madraí** á cur ar fáil go díreach ag an Roinn, agus cinntítear go bhfuil ceadúnais eisithe do mhadraí i Maigh Eo agus go bhfuil siad faoi rialú éifeachtúil. In 2020 tugadh **114** madra chomh fada leis an bPóna Madraí. Tugadh **32** madra ar ais dá n-uinéir agus aimsíodh uinéir nua do **102** madra. Eisíodh **6,306** ceadúnas madraí i rith na bliana. Rinneadh leithdháileadh **€39,000** do **sheacht** ngrúpa leas ainmhithe i gContae Mhaigh Eo i rith 2020.

Ceanglaítear ar úinéirí madra ceadúnas madraí a bheith acu, agus micrishlis a bheith acu ina madra, agus tá iarracht á déanamh ag an Roinn tacú le húinéireacht fhreagrach madraí. Áiríodh i measc na n-imeachtaí agus tionscnamh feasachta a reáchtáladh i rith fheachtas 2020 dar teideal **'Bí i d'úinéir freagrach madraí i rith an shéasúr bhreith na n-uan'**, agallamh suntasach ar stáisiún Raidió Pobail Chlár Chlainne Mhuire, *Good Morning Show*, ceardlanna oideachais i scoileanna áitiúla agus le grúpaí pobail i gcomhpháirt le ***Dogs Trust***, fógraí feasachta maidir le **Ciapadh Caorach** agus an feachtas dar teideal **'*Be Dog Smart*'** chun leanaí a choinneáil sábháilte fad is atá siad i gcomhluadar madraí sa bhaile agus sa phobal.

D'fhreagair feachtais meán sóisialta do mhéadú ar líon na n-úinéirí madraí i rith 2020 agus eisíodh **'Seicliosta Coileán'** chun cabhrú leo siúd a bhfuil coileán á fháil acu agus feachtas dar teideal '**Bí i d'Úinéir Madra fhreagrach i rith na Dianghlasála'**. Tharraing an feachtas dar teideal **'An bhfuil Madra agat?'** a reáchtáladh i mí Iúil aird ar na freagrachtaí a bhaineann le madra a bheith ag duine, teachtaireacht ar leagadh béim uirthi freisin i rith mhí na Nollag tríd an tionscnamh dar teideal **'Madra don saol - ní don Nollaig'** a spreag daoine a bhí ag smaoineamh ar mhadra a cheannach don Nollaig a bheith airdeallach ar na freagrachtaí ar fad a bhaineann le madra a cheannach.

# SEIRBHÍS DÓITEÁIN CHONTAE MHAIGH EO

**Is Contae tuaithe mór é Maigh Eo, ina bhfuil thart ar 5,527 ciliméadar cearnach agus daonra de thart ar 130,507 duine, rud a chiallaíonn go bhfuil ceann de na ceantair údaráis dóiteáin is mó sa tír i Maigh Eo. Mar Údarás Dóiteáin, faoi Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003, tá oibleagáid reachtúil ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo (a) foráil a dhéanamh do mhúchadh pras agus éifeachtúil dóiteáin, cosaint agus tarrtháil daoine agus maoine ó ghortú de bharr dóiteáin, (b) briogáid agus áitreabh dóiteáin a bhunú agus a chothabháil agus, (c) Forálacha oiriúnacha a dhéanamh chun glacadh le agus freagairt do ghlao ar chúnamh ón mbriogáid dóiteáin.**




Déanann Oifigigh um Chosc Dóiteáin foirgnimh a mheas, bunaithe ar chúrsaí sábháilteachta ó dhóiteán, d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad deartha, tógtha agus á gcothabháil ar bhealach sábháilte, agus déanta trí chigireachtaí bunaithe ar iarratais cheadúnaithe agus phleanála.

Tá 122 comhraiceoir dóiteáin fostaithe in 12 stáisiún dóiteáin ar fud an chontae agus déileálann siad le teagmhais éagsúla gach bliain, lena n-áirítear dóiteáin simléir, tithe trí thine, tinte portaigh / foraoise, timpistí bóthair, tarrtháil agus teagmhais a bhaineann le hábhair ghuaiseacha.

Is é ról Sheirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo maidir le Rialacháin Tógála sláinte, sábháilteacht agus leas daoine in áitreabh a ráthú, d'fhonn a chinntiú go bhfuil rochtain ag daoine ar an bhfoirgneamh agus go bhfuil fuinneamh á chaomhnú. Déantar cigireachtaí trí spotseiceálacha a dhéantar maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil na rialacháin á gcomhlíonadh.



## BUAICPHOINTÍ 2020

- Rinneadh tuilleadh infheistíochta san fhlít chun an acmhainn freagartha a fheabhsú, trí **aerfhearas dóiteáin agus tarrthála** ***Bronto Skylift*** dara láimhe (thíos) agus **fearas dóiteáin Aicme B** dara a cheannach chun tacú le hoibríochtaí comhraicthe dóiteáin.



Mar chuid de chlár leanúnach Seveso a chinntíonn go bhfuil daoine agus an timpeallacht á gcosaint trí nósanna imeachta comhaontaithe agus comhordaithe má tharlaíonn timpiste shuntasach ag Láithreáin Seveso Uas-Sraithe, rinneadh athbhreithniú agus leasú ar an bPlean Práinnfhreagartha do Chríochfort Gáis Sheachtraigh Bhéal an Átha Buí agus eisíodh an Plean chun críche comhairliúcháin phoiblí.

- Lean Oifigigh Dóiteáin Shinsearacha le pleanáil agus ullmhacht Chomhairle Contae Mhaigh Eo a fhorbairt chun freagairt éifeachtach agus chomhordaithe a chinntiú sa chás go dtarlaíonn móréigeandáil áitiúil agus réigiúnach. Mar chuid den obair seo, d'eagraigh Seirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo cleachtadh beo le **Iarnród Éireann** chun nósanna imeachta a thástáil, comhordú a fhorbairt agus cur amach na seirbhíse dóiteáin ar fhlít Iarnród Éireann a fheabhsú.

- Déanann Seirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo cúrsaí oiliúna do sheirbhísí dóiteáin a bhfuil cur síos déanta orthu i bPlean Oiliúna na Seirbhíse Dóiteáin d'fhonn a chinntiú go bhfuil pearsanra oilte go cuí agus in ann a gcuid dualgas agus/nó cúraimí a chur i gcrích ar bhealach sábháilte, éifeachtach agus éifeachtúil. I measc na gcúrsaí oiliúna a rinneadh in 2020 bhí oiliúint do Chomhraiceoirí Dóiteáin Earcaigh NDFEM, Oiliúint Druile Dréimire, Druil Chúir agus Oiliúint maidir le hImbhualadh ar Bhóithre.

- Bhí baint ghníomhach ag pearsanra na Seirbhíse Dóiteáin sna gníomhaíochtaí agus imeachtaí seo a leanas a bhain le **Sábháilteacht Dóiteáin Phobail** in 2020: Cuntas Twitter Ar Líne Sheirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo, Seó Bóthair Sábháilteacht ar Bhóithre Mhaigh Eo, an tSeachtain Náisiúnta um Shábháilteacht ó Dhóiteáin, cleachtaí chun tacú le cosc ó dhóiteán trí fhógraí sna meáin, cláir chainte ar an raidió agus quizeanna, laethanta oscailte sa stáisiún dóiteáin agus léargas ar an méid a tharlaíonn nuair a théann panna scealllóg trí thine.

- Mar chuid de fhreagairt Chomhairle Contae Mhaigh Eo do phaindéim Covid-19, ghlac Oifigigh Dóiteáin Shinsearacha páirt i bhFoghrúpa Réigiúnach Mortlaíochta Covid-19, agus ba é an plean a bhí acu ullmhú agus pleanáil le haghaidh mortlaíocht mhínormálta i Réigiún an Iarthair. Ullmhaíodh Plean um Mortlaíocht Mhínormálta inar sonraíodh na socruithe freagartha. Sainaithníodh socruithe agus acmhainní do líon mór básanna a bhí bunaithe ag an Údarás Áitiúil cheana féin mar chuid de fhreagairt mhóréigeandála mar phríomhthacaíochtaí sa phlean agus chomh maith leis sin, ghlacamar páirt i gCleachtadh Sláinte Poiblí a scrúdaigh na próisis freagartha agus na dúshláin fhéideartha a d'fhéadfadh a bheith le sárú dá dtabharfaí méadú suntasach ar an líon cásanna den Choróinvíreas faoi deara sa réigiún.
.

- I mí Meithimh 2020 bronnadh creidiúnú ISO45001 ar Sheirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo.

- D'éirigh le Seirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo ina hiarratas don ról mar Phríomhúdarás chun **Oifig Cheadúnaithe Substaintí Contúirteacha Réigiún an Iarthair** a riar (réigiún ina gcuimsítear na Contaetha seo a leanas - Maigh Eo, Gaillimh, Sligeach, Liatroim, Ros Comáin agus Dún na nGall).

### FIGIÚIRÍ 2020

Eisíodh Ceadúnais um Shubstaintí Contúirteacha le haghaidh **16** láithreán i Maigh Eo

Freastalaíodh ar **709** teagmhas ba chúis le **858** freagairt briogáide dóiteáin, arb ionann é agus méadú **9.02%** i gcomparáid le 2019

Glacadh le **98** iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán

Fuarthas **52** Iarratas bailí ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas

Fuarthas **443** fógra tosaithe bailí ba chúis le **395** iniúchadh foirgnimh

# RIALÚ DÓITEÁIN RÉIGIÚN AN IARTHAIR

**Soláthraíonn Rialú Cumarsáide Réigiún an Iarthair (Dóiteán) nó WRCC, atá á bhainistiú ag Comhairle Contae Mhaigh Eo thar ceann údarás áitiúil Chonnacht agus Chontae Dhún na nGall, seirbhísí freagartha glaonna éigeandála 112/999 agus seirbhísí éigeandála d'údaráis dóiteáin sa réigiún.**




## FIGIÚIRÍ 2020

**13,575**
Glao isteach

**10,067**
Glao amach

**4,052**
Teagmhas éigeandála briogáide dóiteáin sa réigiún

**ISO 9001**
Ón 1 Eanáir 2018, tá creidiúnú Chaighdeán Bainistíochta Cáilíochta ISO 9001 ag Ionad Rialaithe Dóiteáin Réigiún an Iarthair.

# COSAINT SHIBHIALTA MHAIGH EO

**Is eagraíocht dheonach í Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo a bhfuil thart ar 60 oibrí deonach ardoilte ag soláthar tacaíochta do Ghníomhaireachtaí Bunfhreagartha agus pobail áitiúla. Tá ardmheas ag seirbhísí éigeandála túslíne agus ag na pobail a bhfuilimid ag freastal orthu ar an obair a chuireann ár mbaill ardoilte i gcrích.**



Braitheann láidreacht Chosaint Shibhialta Mhaigh Eo ar a héiteas deonach agus tiomantas oibriú lena baill a roinneann a gcuid ama, saineolais agus oiliúna saor in aisce ar bhonn seachtainiúil.

## BUAICPHOINTÍ 2020

- Ceapadh an tOifigeach Cosanta Sibhialta, Francis Power, i mí Aibreáin 2020.
- Ghlac ár mbaill páirt in 25 eachtra a raibh sé mar aidhm leo tacú le Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Uisce Éireann freagairt don Fhógra *Ná hÓl* ar Acaill.
- Cuireadh Feithicil nua *Ford Ranger* ar fáil do Chosaint Shibhialta Mhaigh Eo in 2020. Tá 32 feithicil mar seo le fáil in Éirinn, agus ba í an Roinn Cosanta a chuir an fheithicil ar fáil do Chosaint Shibhialta Mhaigh Eo trí mhaoiniú a fuarthas ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.
- Leanadh ar aghaidh le cúrsaí oiliúna riachtanacha a reáchtáil i rith 2020, agus trí chloí le srianta Covid-19, ghlac Oibrithe Deonacha Chosaint Shibhialta Mhaigh Eo páirt in imeachtaí oiliúna rathúla i rith na bliana lena n-áirítear Cuardach & Tarrtháil, Freagairt do Thaismeach/Covid-19, láimhseáil Bád agus Drón agus Cumarsáid.
- D'fhreagair Cosaint Shibhialta Mhaigh d'Éigeandáil Aeráide amháin i rith 2020.
- Cuireadh 5 dhualgas a bhain le himeachtaí poiblí i gcrích.









## FIGIÚIRÍ 2020

**60**
Oibrí Deonach toilteanach a gcuid ama, saineolais agus oiliúna saor in aisce ar bhonn seachtainiúil.

**3**
Cúnamh tugtha do 3 chuardach do dhaoine ar iarraidh.

**1**
Ford Ranger faighte, maoinithe ó Chiste na gCuntas Díomhaoin agus á riar ag an Roinn Gnóthaí Pobail & Tuaithe.

**78**
iarrachtaí ag tacú leis an bhfreagairt do Phaindéim Covid- 19 ar iarratas an Údaráis Áitiúil agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

# SÁBHÁILTEACHT UISCE

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo freagrach as Gardaí Tarrthála Trá a fhostú i rith mhíonna an tsamhraidh. In 2020 bhí 21 Garda Tarrthála lánaimseartha fostaithe idir Meitheamh agus Meán Fómhair ag na tránna seo a leanas - Trá na Beartraí, An Chora Mhór, Ceathrú an Uisce, An Caol, An Choim, An Mhala Raithní, An Seancheann, An Ros agus Trá an Talaimh Bháin.

Fostaíodh dhá Gharda Tarrthála Linne lánaimseartha eile ag Linn Thaoidmhear Bhéal an Mhuirthead i rith mhí Iúil agus mhí Lúnasa agus bhí ochtar nGarda Tarrthála Trá Cúltaca ag tacú leo.

## Garda Tarrthála - Staitisticí Tarrthála - Séasúr Snámha Iomlán 2020

| TRÁ /LINN | TARRTHÁIL GAN ÁRTHACH | TARRTHÁIL LE HÁRTHACH | GARCHABHAIR | LEANBH AR IARRAIDH | COMHAIRLE TUGTHA | COSC CURTHA AR THIMPISTE - RANNÓG ÉIGEANDÁLA | EILE |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Linn Thaoidmhear Bhéal an Mhuirthead | | | 9 | | 383 | | |
| Trá na Beartraí | | | 3 | | 375 | | 1 |
| An Cheathrú Mhór | | 1 | 23 | | 416 | | |
| Ceathrú an Uisce | 2 | 7 | 21 | 3 | 1338 | 3 | |
| An Caol | 2 | 2 | 43 | 4 | 1903 | 6 | 6 |
| An Choim | | 1 | 16 | | 660 | 1 | 1 |
| An Mhala Raithní | | | 7 | | 368 | 3 | 2 |
| An Seancheann | 1 | | 9 | | 663 | 3 | 3 |
| Ross | | | 2 | | 398 | 6 | |
| Trá an Talaimh | | | 5 | | 227 | | |

Rinneadh cigireacht ar an 537 baoi tarrthála atá le fáil in áiteanna poiblí i gCo. Mhaigh Eo agus rinneadh obair chothabhála orthu go rialta in 2020.



# BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS & MÓTARCHÁIN

## SA RANNÓG SEO

Airgeadas

Mótarcháin



### CÚRSAÍ AIRGEADAIS

**Tá an Roinn Airgeadais freagrach as oibríochtaí airgeadais i gComhairle Contae Mhaigh Eo agus tá béim ar leith á leagan ar a chinntiú go bhfuil socruithe oiriúnacha bunaithe chun gníomhaíocht ioncaim agus chaipitil a mhaoiniú.**



Déantar ioncam nó caiteachas laethúil, a íoc as foinsí cosúil le:

- **Deontais Rialtais**
- **Rátaí Tráchtála**
- **Cíosanna Tithíochta**
- **Táillí Iarratais Phleanála**
- Earraí agus seirbhísí eile cosúil le: **Táillí Líonta Talún/Conláiste Cathrach, Táillí Íoc & Taispeáin**

Tá raon leathan seirbhísí á chur ar fáil ag an Rannóg Airgeadais lena n-áirítear:

- Rialú Airgeadais agus Buiséid, Sreabhadh Airgid agus Bainistiú Cisteáin
- Ullmhú an Bhuiséid Bhliantúil
- Ullmhú an Ráitis Airgeadais Bhliantúil
- Riar na gCóras Bainistíochta Airgeadais
- Riar Párolla
- Billeáil agus Bailiú Rátaí Tráchtála
- Billeáil agus Bailiú Cíosanna agus Iasachtaí Tithíochta
- Cuntais soláthróra a íoc
- Fáltais Airgid
- Riar agus Bailiú an Mhuirir ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha

Chomh maith leis sin, cinntíonn an Roinn Airgeadais go bhfuil prionsabail chuntasaíochta reachtúla agus airgeadais, a bhaineann leis an airgead ar fad a íocann nó a íoctar leis an gComhairle á gcomhlíonadh.

Bliain eisceachtúil ba ea 2020. D'ainneoin na ndúshlán suntasach airgeadais a bhí le sárú ag Comhairle Contae Mhaigh Eo le blianta beaga anuas agus go háirithe mar gheall ar phaindéim Covid-19, bhí staid airgeadais na Comhairle cobhsaí ag deireadh 2020. In 2020, fuaireamar tacaíocht shuntasach ón Rialtas i bhfoirm Tarscaoileadh Rátaí Tráchtála agus fóirdheontais airgeadais. Beidh tionchair mheántéarmacha agus fhadtéarmacha na paindéime fós ag cur isteach ar chúrsaí an tsaoil, ach táimid dóchasach go mbeidh tacaíocht leanúnach ón Rialtas agus ón gcóras polaitíochta ar fáil.

# FIGIÚIRÍ 2020

Is fianaise é an Caiteachas Ioncaim luach **€198,783,857** agus an Caiteachas Caipitil luach **€80,407,909** ar an bhforbairt atá tagtha ar an tseirbhís laethúil agus ar an mbonneagar mar aon le fianaise ar shuntas oibríochtaí na Comhairle i gcomhthéacs an gheilleagair áitiúil.

Mhéadaigh na leibhéil chaiteachais i bpríomhréimsí cosúil le hIompar & Sábháilteacht ar Bhóithre, Soilsiú Poiblí. Mhéadaigh an caiteachas ar Fhorbairt Gheilleagrach i ndáil le Deontais Atosaithe Covid-19 do Ghnóthaí Beaga, caiteachas a bhí cothrom le **€20.23**

Bailíodh **€8,355,118** den **Cháin Mhaoine Áitiúil** a fuarthas laistigh den chontae agus fuarthas **€11,457,224 breise** ón gCiste Comhionannaithe

Seo a leanas leibhéil Bhailithe **2020** sna tír phríomhréimse bailithe:
h **Rátaí*** **81.32%**
h **Cíos agus Blianachtaí** **87.32%**
h **Iasachtaí Tithíochta** **78.80%**
** Fuarthas Deontas Tarscaoilte Rátaí Tráchtála luach €12.9 milliún ó Mhaoiniú Rialtais Áitiúil, méid a bhí cothrom leis an méid a tarscaoileadh mar gheall ar thionchar Covid-19. Dá mbeadh sé sin le cur san áireamh, bheadh an ráta bailithe cothrom le 88%*



## RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS)

### DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

Tugtar le chéile i Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam agus caiteachas ar fad a bhaineann leis an gcuntas ioncaim. Taispeántar an barrachas/(easnamh) don bhliain. Taispeántar aistrithe chuig/ó chúlchistí ar leithligh agus níl siad á leithdháileadh de réir an rannáin seirbhíse. Leithdháileann Nóta 16 aistrithe de réir an rannáin seirbhíse san fhormáid chéanna le Tábla A de bhuiséad glactha an Údaráis Áitiúil.

| | Ollchaiteachas | Ioncam | Glanchaiteachas | Glanchaiteachas |
|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2020 | 2020 | 2019 |
| | | | | |
| Tithíocht & Foirgneamh | 19,475,960 | 18,643,417 | 832,543 | 1,247,347 |
| Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | 50,910,554 | 39,686,667 | 11,223,887 | 10,215,187 |
| Seirbhísí Uisce | 18,681,518 | 18,634,587 | 46,930 | 145,164 |
| Bainistíocht Forbartha | 33,209,919 | 25,550,099 | 7,659,821 | 7,958,823 |
| Seirbhísí Timpeallachta | 17,399,604 | 5,800,332 | 11,599,272 | 11,337,310 |
| Áineas & Conláistí | 10,747,929 | 2,677,828 | 8,070,102 | 7,234,753 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas | 1,391,079 | 623,997 | 767,082 | 969,720 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 30340188 | 28,069,890 | 2,270,299 | 7,557,489 |
| **Caiteachas/Ioncam Iomlán** | **182156752** | **139,686,816** | | |
| **Glanchostas Rannán le maoiniú ó Rátaí &ó Cháin Mhaoine Áitiúil** | | | **42,469,936** | 46,665,793 |
| Rátaí | | | 34,542,787 | 32,194,404 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | | 19812342 | 19,812,344 |
| | | | | |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe** | | | 11885193 | 5,340,955 |
| **Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí** | | | (11,691,311) | (4,872,764) |
| **Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain** | | | **193882** | 468,191 |
| **Cúlchiste Ginearálta @ an 1 Eanáir 2020** | | | (4,065,676) | (4,533,867) |
| **Cúlchiste Ginearálta @ an 31 Nollaig 2020** | | | **(3,871,794)** | (4,065,676) |

## RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS (CLÁR

| | NÓTAÍ | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | ¤ | ¤ |
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | 1 | | |
| Oibríochtúil | | 473,241,217 | 452,805,789 |
| Bonneagar | | 2988377438 | 2,988,263,442 |
| Pobal | | 10,580,724 | 10,814,972 |
| Neamhoibríochtúil | | 58,243,748 | 58,860,757 |
| | | 3,530,443,127 | 3,510,744,960 |
| **Obair idir Lámha agus Réamhchostais** | 2 | 112,396,825 | 84,598,529 |
| **Féichiúnaithe Fadtéarmacha** | 3 | 58,251,674 | 60,183,756 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Stoic | 4 | 350,943 | 390,867 |
| Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí | 5 | 25,869,337 | 25,739,763 |
| Infheistíochtaí Bainc | | 27,227,485 | 21,302,079 |
| Airgead sa Bhanc | | 14,215,815 | 3,976,151 |
| Airgead faoi Bhealach | | 127,522 | 151,203 |
| | | 67,791,101 | 51,560,064 |
| **DLITEANAIS REATHA (MÉIDEANNA DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN)** | | | |
| Creidiúnaithe & Fabhruithe | 6 | 63,555,267 | 52,740,372 |
| Léasanna Airgeadais | | 486,439 | 267,976 |
| | | 64,041,705 | 53,008,348 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ / (DLITEANAIS) REATHA** | | 3,749,396 | (1,448,284) |
| **CREIDIÚNAITHE (MÉIDEANNA DLITE I NDIAIDH NÍOS MÓ NÁ BLIAIN AMHÁIN)** | | | |
| Iasachtaí Iníoctha | 7 | 120,704,558 | 125,328,199 |
| Léasanna Airgeadais | | 1,100,309 | 556,262 |
| Taiscí in-aisíoctha | 8 | 6,606,615 | 6,383,663 |
| Eile | | 1,373,639 | 845,225 |
| | | 129,785,121 | 133,113,350 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | 3,575,055,902 | 3,520,965,610 |
| **IONADAITHE AG** | | | |
| Cuntas Caipitlithe | 9 | 3,530,443,127 | 3,510,744,960 |
| Ioncam WIP | 2 | 108,280,855 | 82,004,979 |
| Cúlchistí Ioncaim Ghinearálta | | (3,871,794) | (4,065,676) |
| Iarmhéideanna Eile | 10 | (59,796,286) | (67,718,653) |
| **CÚLCHISTÍ IOMLÁNA** | | 3575055902 | 3,520,965,610 |





## MÓTARCHÁIN

**Tá Oifig Mótarchánach Mhaigh Eo ag leanúint le seirbhísí tráthúla ar ardchaighdeán a chur ar fáil, agus seirbhísí atá dírithe ar an gcustaiméir d'úsáideoirí na hOifige.**

Anseo thíos tá miondealú le fáil ar róil agus ar fhreagrachtaí a bhaineann le bailiú Mótarchánach, agus sainaithnítear an príomhról atá ag Mótarcháin Mhaigh Eo i mbailiú agus i soláthar na seirbhíse seo.

**AR LÍNE** | **TIOMÁNAITHE / ÚINÉIRÍ FEITHICLE** | **GO PEARSANTA NÓ TRÍD AN BPOST**

### AN ROINN IOMPAIR

- An Comhad Náisiúnta Feithiclí & Tiománaithe a Bhainistiú
- Seirbhísí Mótarchánach Ar Líne
- Beartas & Reachtaíocht

### ÚDARÁIS ÁITIÚLA

- Fadhbanna teicniúla atá ag custaiméirí a réiteach
- Cigireacht a dhéanamh ar fheithiclí más gá
- Oifigí mótarchánach a reáchtáil

Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil trínár dtrí oifig atá lonnaithe go straitéiseach laistigh de Mhaigh Eo:

**01** *Glenpark, The Mall,* Caisleán an Bharraigh

**02** Oifigí an Cathrach, Béal an Átha

**03** Ionad Cathrach Bhéal an Mhuirthead, Béal an Mhuirthead

Chomh maith leis sin, soláthraíonn Oifig Mótarchánach Mhaigh Eo seirbhísí teileafóin don phobal agus an seoladh ríomhphoist teagmhála seo a leanas motortax@mayococo.ie.

### BUAICPHOINTÍ 2020

€ In 2020 bhí Ioncam Iomlán Oifig Mótarchánach Mhaigh Eo cothrom le €28,065,380. Cuimsítear san fhigiúr seo €22,167,166 (ar líne) agus €5,898,214 (Oifigí Mótarchánach Mhaigh Eo).

€ Cuireadh 36,041 idirbheart i gcrích sna hoifigí.

### FIGIÚIRÍ 2020

Measann an Roinn Iompair gur féidir **98%** de na saoráidí athnuachana a chur i gcrích ar líne









# 2020
# I NGRIANGHRAIF






























Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

DÁMHACHTAINÍ RIALTAIS ÁITIÚIL CHOMHLACHAIS ÉIREANN

# COMHAIRLE NA BLIANA 2020

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

## 2020

FOILSEACHÁN DE CHUID ROINN CUMARSÁIDE CHOMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO